





# Ag Déanamh Beart d'Éirinn, Ar Thús Cadhnaíochta ar Fud an Domhain

Straitéis 2025-2029

Fiontraíocht Éireann
Enterprise Ireland

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

# Clár Ábhar

**Brollach ó Peter Burke, an tAire Fiontair, Turasóireachta agus Fostaíochta** 3

**Réamhrá ón gCathaoirleach agus Príomhoifigeach Feidhmiúcháin** 4

**Achoimre Straitéise** 6

**Ag Déanamh Beart d'Éirinn, Ar Thús Cadhnaíochta ar Fud an Domhain** 7

- Comhthéacs Geilleagrach 7
- Cuspóir Fiontraíochta Éireann – Gnó Éireannach Inbhuanaithe a Luasghéarú 9

**Ár Straitéis** 10

- Tosaigh 12
- Téigh in Iomaíocht 15
- Scálú 20
- Ceangail 23

**An Chaoi an nDéanaimid an Beart** 29

- Ár nDaoine agus ár gCultúr 29
- Ár Luachanna 29
- An Chaoi a nOibrímid 31

**Aguisín** – Ag Déanamh an Beart le Foireann Éireann 32

# Brollachó Peter Burke, an tAire Fiontair, Turasóireachta agus Fostaíochta

**Bhain Éire taitneamh as feidhmíocht geilleagrach láidir eisceachtúil le blianta anuas agus tá fostaíocht ag leibhéil is airde riamh. Bhí ról fíorthábhachtach ag Fiontraíocht Éireann agus Oifigí Fiontair Áitiúla sa rath sin agus fad atá an comhthéacs idirnáisiúnta ag athrú go tapa, tá muinín agam go leanfaidh siad le ról suntasach a bheith acu ag cabhrú le gnólachtaí Éireannacha chun aon dúshlán amach anseo a shárú.**

Leagtar amach i gClár an Rialtais *'Todhchaí na hÉireann a Dhaingniú'* creat láidir fiontraíochta a thugann tosaíocht d'fhás geilleagrach, iomaíochas, agus infheistíocht in nuálaíocht, fuinneamh, agus dícharbónú. Tá an Rialtas seo tiomanta ar a chinntiú go gcuireann Éire timpeallacht thacúil ar fáil do ghnólachtaí Éireannacha, agus go dtacóidh na tionscnaimh agus na gníomhartha atá leagtha amach sa straitéis seo leis an uaillmhian agus Éire a chur os comhair treochtaí geilleagracha atá ag teacht chun cinn.

Bhí feidhmíocht láidir ag comhlachtaí cliaint Fhiontraíocht Éireann le blianta anuas agus anois fostaítear breis is 234,000 duine. Spriocdhíríonn an straitéis seo ar fhás san fhostaíocht ag comhlachtaí tacaithe go leibhéal nach raibh riamh ann de 275,000. Tá Fiontraíocht Éireann agus ár nOifigí Fiontair Áitiúla i lár na huaillmhéine agus na straitéise nua seo. Agus iad ag comhoibriú le chéile, cinnteoidh siad go gcuirtear múnla solúbtha seirbhíse ar fáil do chomhlachtaí, idir bheag agus mhór, de réir mar atá oiriúnach dá gcéim forbartha.

Tá áthas orm uaillmhianta Fhiontraíocht Éireann a fheiceáil faoin straitéis seo lena n-áirítear líon na gcomhlachtaí idirnáisiúnta, rathúla, faoi úinéireacht Éireannach de scála, ár n-easpórtálacha a éagsúlú, agus táirgiúlacht ár n-earnáil SME a mhéadú. Cuirfidh na hiarrachtaí sin go léir le hathléimneacht gnólachtaí Éireannacha, ag ullmhú na gnólachtaí chun leanúint ar aghaidh agus an rath a bheith acu i margadh domhanda atá níos mó agus níos mó iomaíoch. Leanfaidh leathnú idirnáisiúnta le bheith ríthábhachtach do chumas gnólachtaí Éireannacha a bheith rathúil agus a bheith in ann scálú, agus is príomhghné straitéis Fhiontraíocht Éireann é le bheith in ann tacú le gnólachtaí nuathionscanta chun fás, díolacháin a threisiú, agus rochtain a fháil ar mhargaí domhanda.

Cabhróidh Fiontraíocht Éireann chomh maith le cumas nuálaíochta fhiontair na hÉireann a leathnú agus a dhoimhniú. Táim an-uaillmhianach i dtaobh gnólachtaí Éireannacha i ndiaidh na n-éachtaí agus an nuálaíocht ar taispeáint ag ár bhfiontair dhúchasacha anseo sa bhaile agus thar lear araon a fheiceáil, agus creidim gur féidir linn an rathúnas sin a athchruthú ar bhonn níos mó.

Is cuid thábhachtach den straitéis seo é an tiomantas chun cabhrú leis an earnáil fiontraíochta astaíochtaí a laghdú de 35% go ceann 2030 mar a spriocdhíríodh ag Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide an Rialtais. Ní mór dúinn cabhair a thabhairt do ghnólachtaí na hathruithe riachtanacha a dhéanamh agus buntáiste a bhaint as na deiseanna a n-eascróidh nuair a laghdóimid ár spleáchas ar bhreoslaí iontaise. Tá dul chun cinn á dhéanamh againn i bpríomhréimsí amhail dícharbónú, digitiú, agus nuálaíocht agus tá sé tábhachtach go dtacóimid le Fiontraíocht Éireann agus ár n-uaillmhianta a sheachadadh i dtaobh geilleagar atá athléimneach, inbhuanaitheach, agus cothrom go réigiúnach de réir mar a leagadh amach sa Pháipéar Bán ar Fhiontraíocht.

Leagtar amach sa straitéis nua seo bealach soiléir chun tosaigh d'Fhiontraíocht Éireann agus na comhlachtaí arna dtacú acu chun rathúnas a bhaint amach sa chéad chúig bliana eile. Tá sé ar intinn againn gach deis atá ar fáil dúinn a ghabháil agus le bheith ullmhaithe go hiomlán do dhúshláin amach anseo.

Ba mhian liom buíochas a ghabháil le foireann Fhiontraíocht Éireann agus a n-iarrachtaí go dtí seo agus táim ag tnúth go mbainfidh tionscal na hÉireann amach na huaillmhianta a leagadh amach sa straitéis seo, lena gcuirfear buntáiste shuntasach ar fáil d'oibreoirí, gnólachtaí, an geilleagar, agus an tsochaí níos leithne.



**Peter Burke TD**
an tAire Fiontar,
Turasóireachta agus Fostaíochta

# Réamhrá ón gCathaoirleach agus Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Ní raibh geilleagar na hÉireann riamh chomh láidir. I ndiaidh athléimneachta ar leith a léiriú in aghaidh bristí trádála domhanda cúisithe ag an bpaindéim Covid-19 agus an teannas polaitíochta domhanda le déanaí, lean an geilleagar ag leathnú gach bliain le linn straitéis 2022-2024 Fhiontraíocht Éireann 'Ag Treorú i nDomhan atá ag Athrú'.

Mar thoradh, tá an tír anois beagnach ag leibhéal fostaíochta iomlán. Ní raibh líon na ndaoine fostaithe sa Stát riamh chomh hard, fad atá rátaí dífhostaíochta ag na rátaí is ísle riamh. Laistigh den na staitisticí leathana sin is maith an scéal é go bhfuil an ráta rannpháirtíochta sa lucht saothair i measc ban ag an leibhéal is airde riamh chomh maith.

Ag an am céanna, tá Éire anois rangaithe ar mhacraileibhéal mar an tír is iománaí i limistéir an euro agus an ceathrú tír sa Bhliainiris Iomaíochais Dhomhanda IMD, ach tá roinnt dúshlán iomaíochta thar a bheith tábhachtach fós ann, áfach.

Tá cúrsaí airgid go láidir, fiú nuair a fhágtar torthaí aonuaire as an áireamh. Cuireann sé sin an tír i suíomh tráthúil, i gcomparáid le go leor dá leithéidí, agus acmhainní níos fearr aici chun infheistiú a dhéanamh ina todhchaí.

Tá an suíomh láidreachta sin níos tábhachtaí fós in aghaidh na ndúshlán agus na ngaoithe cinn atá roimh an tír go hintíre agus go hidirnáisiúnta araon. Tá an éigeandáil aeráide atá ag titim amach a bheith sonraithe mar theagmhais aimsire níos rialta agus níos déine ag a mbíonn tionchar acu ar leibhéil daonna agus geilleagrach araon. Tá éiginnteacht dhomhanda ard de thoradh éagsúlachta margaidh leanúnaí, timpeallachta geopholaitíochta luaineachta, agus fócas athnuachana ar rialachán agus ar tharaifí.

Sa chomhthéacs sin, fágtar Éire go háirithe íogair do luaineacht geopholaitíochta agus trádála idirnáisiúnta de bharr ár rathúnas in infheistíocht a mhealladh ó chomhlachtaí idirnáisiúnta.

Idir an dá linn, anseo sa bhaile leanann an costas ardaithe maireachtála le cruthú brúnna pá in airde, fad atá ár seirbhísí poiblí agus bonneagar faoi bhrú ó dhaonra atá ag fás agus geilleagar atá ag leathnú. Anuas air sin tá ganntanas tithíochta ar bhonn náisiúnta againn atá ag cur le costas fadhbanna maireachtála.

Beidh meascán de dhinimiceas, fís, agus infheistíocht ó Rialtas na hÉireann, a ghníomhaireachtaí tacaíochta fiontair, agus an earnáil phríobháideach ag teastáil chun dul i ngleic leis na dúshláin sin.

In ainneoin na ndúshlán sin, agus níor chóir gannmheas a chur faoina méid, tá suíomh iontach ag gnólachtaí Éireannacha chun gabháil ar dheiseanna fáis atá fós ann anseo sa bhaile agus sna margaí idirnáisiúnta araon. Léiríonn rathúnas gnólachtaí Éireannacha sna margaí thar lear leis na blianta a gcumas chun dul in iomaíocht agus gnó a bhuachan in aghaidh na gnólachtaí is fearr ar domhan.

Tá fás féideartha gnólachtaí Éireannacha soiléir. Tá an deis againn cur le cumais nuálaíochta mhuintir na hÉireann agus ar láidreachtaí fadbhunaithe sna príomhearnálacha agus réimsí atá ag teacht chun cinn amhail digitiú, inbhuanaitheacht, bia, seirbhísí airgeadais, foirgníocht, agus eolaíochtaí na beatha mar shamplaí.

Tá ár ról ag Fiontraíocht Éireann le bheith ag obair i gcomhpháirtíocht le gnólachtaí Éireannacha chun cabhrú leo fás agus rathúnas a bheith acu sna margaí idirnáisiúnta. Is é an cuspóir atá againn ná Gnó Éireannach Inbhuanaitheach a Luasghéarú, anois agus amach anseo. Bhí rathúnas iontach ag 4,000+ comhlacht lena n-oibrímid sna trí bliana dár straitéis dheireanach agus d'éirigh níos fearr lenár príomh-spriocanna straitéiseacha sa tréimhse sin. In 2023, bhain siad amach €34.6 billiún i ndíolacháin easpórtála, rinneadh infheistiú €1.55 billiún in RD&I, agus caitheadh €39.3 billiún go hintíre. Le linn 2024, cruthaíodh breis is 15,000 post nua ag na gnólachtaí sin lena dtugtar fostaíocht i gcomhlachtaí arna dtacú ag Fiontraíocht Éireann go méid nach raibh ann riamh de 234,454 le 66% de na poist sin lasmuigh de Bhaile Átha Cliath.

Tá straitéis uaillmhianach leagtha amach againn chun tacú le gnólachtaí Éireannacha nuálacha chun *Tosú, Dul in Iomaíocht, Scálú,* agus *Ceangal*. Déanfaimid an straitéis seo a sheachadadh trí oibriú i gcomhpháirtíocht leis an Roinn Fiontar, Turasóireachta, agus Fostaíochta (DETE), GFT Éireann, Taighde Éireann, na hOifigí Fiontair Áitiúla, arna dtacú ag ár n-oifigí Fhiontraíocht Éireann féin ar fud Éireann, agus ar fud an domhain.

Tá ár straitéis nua cúig bliana go ceann 2029, *'Ag Déanamh Beart d'Éirinn, Ar Thús Cadhnaíochta ar Fud an Domhain',* dírithe ar ár n-uaillmhian chun comhlachtaí Éireannacha a easpórtáil mar phríomhthiománaí gheilleagar na hÉireann a bhaint amach.

I measc ár spriocanna tá forbairt píblíne níos mó agus níos mó láidir de ghnólachtaí nuathionscanta nuálaíocha chun fás inbhuanaitheach fadtéarma agus cruthú post a spreagadh. Leis sin, feicfear Fiontraíocht Éireann ag tacú le 1,000 gnólacht nuathionscanta nua idir seo agus 2029.

Cabhróimid chomh maith le fiontair Éireannacha dul in iomaíocht chun a dtáirgiúlacht, iomaíocht, athléimneacht, agus inbhuanaitheacht a neartú. Tá spriocanna uaillmhianacha leagtha amach againn sa chaoi sin lena n-áirítear laghdú 35% d'astaíochtaí $CO_2$ ó chomhlachtaí arna dtacú ag Fiontraíocht Éireann go ceann dheireadh 2030, méadú 3% bliantúil ar a mheán ar tháirgiúlacht, agus tacaíocht a thabhairt do 1,700 onnmhaireoir chéaduaire faoi úinéireacht Éireannach i gcomhoibriú le hOifigí Fiontair Áitiúla thar thréimhse cúig bliana na straitéise. Thairis sin ba mhian linn líon na comhlachtaí faoi úinéireacht Éireannach agus chun tosaigh go domhanda de mhéid lena n-áirítear 150 comhlacht easpórtála Éireannacha móra le breis is 250 fostaí arna dtacú ag Fiontraíocht Éireann.

Is é an sprioc uileghabhálach atá ann ná taifid nua a bhaint amach ar fud
gach méadrach agus chun 275,000 duine a bheith fostaithe, agus €50 billiún i ndíolacháin easpórtála ag comhlachtaí arna dtacú ag Fiontraíocht Éireann faoi 2029. I dtéarmaí nuálaíochta, tá sprioc ann caiteachas de €2.2 billiún ar thaighde, forbairt agus nuálaíocht (RD&I) a bhaint amach ag comhlachtaí arna dtacú ag Fiontraíocht Éireann in 2029. Agus na spriocanna uaillmhianacha sin a bhaint amach beidh caiteachas sa gheilleagar Éireannach intíre ag comhlachtaí arna dtacú ag Fiontraíocht Éireann suas go €55 billiún in 2029.

Úsáidfimid sé seift ar leith chun ár spriocanna a bhaint amach – *Uaillmhian a Chistiú, Nuálaíocht a Spreagadh, Inbhuanaitheacht a Chuimsiú, Scileanna agus Tallann a Neartú, Deiseanna Domhanda a Uasmhéadú* agus *Feidhmíocht a Spreagadh.*

Tá Fiontraíocht Éireann tiomanta chomh maith le bheith ag obair le ranna rialtais agus príomhpháirtithe leasmhara eile mar chuid de 'Fhoireann na hÉireann' chun dul chun cinn i dtreo tosaíochtaí náisiúnta níos leithne a dhaingniú lena n-áirítear an 'Tionscnamh Oileán Comhroinnte', 'Domhan Níos Fearr: Beartas na hÉireann um Fhorbairt Idirnáisiúnta', 'Éire don Airgeadais',
agus 'Tithíocht do Chách'.

Chun ár spriocanna agus ár gcuspóirí maidir le geilleagar na hÉireann agus gnólachtaí Éireannacha don chéad chúig bliana eile a bhaint amach, forbróimid caidreamh cliaint agus múnla oibriúcháin athnuachana ina mbíonn na príomhthosaíochtaí ag tacú le rathúnas na ngnólachtaí lena n-oibrímid, ag a mbeidh tionchar dearfach ar fhorbairt inbhuanaitheach geilleagrach, agus luach airgid a dhaingniú do mhuintir na hÉireann.

Tá ár gcúrsa leagtha amach againn, agus táimid ar bís tús a chur leis an gcéad chéim eile dár dturas de réir mar a leanfaimid ag tacú le rathúnas gnólachtaí Éireannacha agus cur chun cinn an gheilleagair.



**Michael Carey**
Cathaoirleach



**Kevin Sherry**
POF Eatramhach

# Achoimre ar an Straitéis

## Dlús a chur le Gnó Inmharthana na hÉireann chun

Tosaigh

Téigh in Iomaíocht

Scála

Ceangail

## ag baint úsáide as príomhghiaráil de

**Uaillmhian a Chistiú**

**Nuálaíocht a Spreagadh**

**Glacadh le hInbhuanaitheacht**

**Scileanna agus Tallann a Neartú**

**Deiseanna Domhanda a Uasmhéadú**

**Feidhmíocht Tiomána**

## arna seachadadh trí

**Ár nDaoine agus ár gCultúr**

**Sármhaitheas Seirbhíse**

**Ár gComhpháirtíochtaí**

## le rath a thomhas in aghaidh

**275,000 post** i gcuideachtaí a fuair tacaíocht in 2029

**Laghdú 35% ar astaíochtaí CO2** i gcuideachtaí a fhaigheann tacaíocht faoi 2030

Méadú 3% ar an **meántáirgiúlacht** bhliantúil 2025-2029

**Onnmhairí €50bn** ó chuideachtaí dá dtugtar tacaíocht in 2029

**Caiteachas €55bn** ag cuideachtaí a fhaigheann tacaíocht i ngeilleagar na hÉireann in 2029

**1,000 gnólacht nuathionscanta nua** a fuair tacaíocht ó 2025 - 2029

**1,700 easpórtálaí** breise **faoi úinéireacht Éireannach** faoi 2029

**150** cuideachta **mhór easpórtála Éireannach** faoi 2029

**Caiteachas €2.2bn ar thaighde, forbairt agus nuáil** by companies in 2029

**+70 Scór Glantionscnóra Fhiontraíocht Éireann** in 2029

# Ag Déanamh Beart d'Éirinn, Ar Thús Cadhnaíochta ar Fud an Domhain

Is gníomhaireacht stáit na hÉireann í Fiontraíocht Éireann atá freagrach as forbairt agus fás fiontair Éireannacha i margaí an domhain. Is é ár bpríomhshainordú atá againn ná an timpeallacht fiontraíochta a fheabhsú agus tacaíocht a thabhairt do ghnólachtaí Éireannacha chun tosaithe, chun dul in iomaíocht, chun scálaithe agus chun ceangail.

Tacaíonn Fiontraíocht Éireann le breis is 4,000 comhlacht Éireannacha ag cruthú deiseanna ar fud gach réigiún agus gach contae in Éirinn. Tá comhlachtaí a fhaigheann tacaíocht ó Fhiontraíocht Éireann ag seachadadh cruthaithe poist dírigh agus indírigh, réitigh nuálaíochta á chruthú acu le haghaidh dúshlán domhanda, pobail agus réigiúin a neartú, agus an cháilíocht shaoil a fheabhsú ar bhonn náisiúnta.

> In 2024 amháin, thug Fiontraíocht Éireann tacaíocht do chomhlachtaí a d'fhostaigh breis is **234,454** duine. Le linn 2023, bhain na comhlachtaí sin amach **€34.6 billiún i ndíolachán easpórtála**, agus rinne siad infheistiú **€1.55 billiún in RD&I.**

In 2023, caitheadh €39.3 billiún go hintíre ag comhlachtaí arna dtacú ag Fiontraíocht Éireann, agus tionchar iolraitheora a sheachadadh trí gníomhaíocht mhéadaithe gheilleagrach, fostaíocht, agus fáltais an státchiste.

Cuireann Fiontraíocht Éireann na huirlisí riachtanacha ar fáil do ghnólachtaí Éireannacha chun a bheith faoi bhláth sa bhaile agus thar lear. Cabhraíonn sé sin le fás geilleagrach agus forbairt réigiúnach a spreagadh, agus poist in Éirinn a dhaingniú.

## Comhthéacs Geilleagrach

### Ár bhFeidhmíocht Geilleagrach

Rinneadh fás ar leith ag geilleagar na hÉireann agus leantar le feidhmíocht láidir. Tá Éire ag oibriú le fostaíocht atá beag nó mór lán agus fás seasmhach á sheachadadh, i ndiaidh teacht slán ó bhorradh géar i mboilsciú, agus ardú i rátaí úis ina dhiaidh sin, agus timpeallacht trádála dhomhanda atá níos mó agus níos mó míshocair. Leanann onnmhairithe agus poist a gintear ag gnólachtaí Éireannacha ag fás in ainneoin dúshláin shuntasacha domhanda.

> **Fostaíodh 1,124,000** duine in Éirinn in **1983** ag ardú go **2,790,000** faoi **2024.**

Sa Bhliainiris Iomaíochais Dhomhanda 2024 de chuid na hInstitiúide Idirnáisiúnta um Fhorbairt Bainistíochta rangaítear Éire mar an tír is mó iomaíoch i limistéar an euro, agus sa cheathrú háit go domhanda.

### Ár nDúshlán agus Ár nDeis

De réir Ionchas Eacnamaíoch Domhain Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta 2024, tuartar fás domhanda sa chúig bliana romhainn ag na leibhéil is ísle leis na deicheanna de bhlianta. Tá an claochlú digiteach ag athrú bealaí chun gnó a dhéanamh agus an t-ionchas trádála do go leor earnálacha traidisiúnta. An éigeandáil aeráide atá ag tarlú agus na gealltanais riachtanacha le haghaidh dícharbónaithe ag a bhfuil an féidearthacht tuilleadh suaite ar oibríochtaí a chúiseamh. Thairis sin, tá múnla fáis na hÉireann ag brath go trom ar éileamh seachtrach agus margaí idirnáisiúnta. Aithníodh sa Mheasúnú Riosca Náisiúnta 2024 go bhfuil meascán fiontair na hÉireann ina riosca suntasach geilleagrach.

Tá easpórtáil gnólachtaí Éireannacha ríthábhachtach don rathúnas náisiúnta, agus beidh sí lárnach in seachadadh fáis geilleagrach sa chéad cúig bliana eile. Tá forbairt an bhonn fiontraíochta Éireannach tábhachtach go háirithe i gcomhthéacs iomaíocht idirnáisiúnta mhéadaithe na hInfheistíochta Dírí Eachtraí.

Tá sárú fiontraíochta Éireannaí leanúnaí sna margaí domhanda riachtanach dár slándáil gheilleagrach, rathúnas, agus fostaíocht ar bhonn náisiúnta. Ní mór do ghnólachtaí Éireannacha fanacht sofhreagrúil agus glacadh le forbairtí teicneolaíocha agus margaidh ar mhaithe le rathúlacht a bhaint amach go hidirnáisiúnta.

Nuair a smaoinítear ar láidreachtaí earnála náisiúnta agus tiomantais An Choimisiúin Eorpaigh (AE) ar dhigitiú, gníomh aeráide, neamhspleáchas straitéiseach oscailte, agus slándáil, tá poitéinseal agus deiseanna suntasacha ar Éire ar fud réime tionscal lena n-áirítear:

### Cúrsaí digiteacha

Tá éileamh úsáideoirí ar uirlisí nua amhail anailísíocht thuarthach, intleacht shaorga (IS), agus bogearraí fíorúlaithe ag spreagadh infheistíocht amach anseo ar fud tionscail atá cumasaithe go digiteach.

### Bia

Spreagann tosca lena n-áirítear an éigeandáil dhomhanda aeráide, idirghabháil rialála, agus roghanna athraitheacha tomhaltóirí, éileamh ar theicneolaíochtaí nua in earnáil an bhia. I measc na réimsí a bhfuil gealladh fúthu do theicneolaíocht na hÉireann tá córais dhigiteacha agraibhia inbhuanaithe agus ardteicneolaíochtaí sonraí. Tá sé ar chumas na hÉireann díriú ar na réimsí deiseanna sin i bhfianaise na cáile idirnáisiúnta atá orainn as táirgeadh bia ar ardchaighdeán.

### Cúram sláinte

Tá saineolas agus cumais na hÉireann i bpoist chúram sláinte againn chun freagairt don éileamh domhanda ar theiripí nua ceall agus géinte, ar dhrugaí nuálacha le haghaidh galair thógálacha, agus ar réitigh nua chun tacú leis an aistriú chuig an *tsláinte sa bhaile* agus chuig an *aosú sa bhaile*.

### An Inbhuanaitheacht

Cumasófar dícharbónú agus geilleagar níos inbhuanaithe trí theicneolaíochtaí monaraíochta den chéad ghlúin eile agus réitigh ghlasa a theacht chun cinn laistigh d'earnálacha atá ag teacht chun cinn amhail gaoth amach ón gcósta.



## Ár dTiomantas

Tá fócas an Pháipéir Bháin ar Fhiontraíocht agus Clár an Rialtais, 'Ár dTodhchaí le Chéile', chun geilleagar atá bríomhar, athléimneach, inbhuanaitheach, agus cothrom go réigiúnach a chumasú déanta as meascán éagsúil de príomhchomhlachtaí domhanda, fiontraíocht Éireannach atá iomaíoch go hidirnáisiúnta, agus gnólachtaí Éireannacha atá ag éirí go hiontach leo.

Leagtar béim sa Pháipéar Bán ar an riachtanas Fiontraíocht Éireannach a shuí níos fearr chun dúshláin agus deiseanna a eascraíonn ón 'aistriú cúpla' go geilleagar digitithe agus 'neodrach' a chuimsiú.

Neartóidh tacú le gnólachtaí Éireannacha le turraingí idirnáisiúnta agus tosca seachtracha eile, agus cabhrófar le fás agus rath geilleagrach a dhaingniú amach anseo.

# Cuspóir Fiontraíochta Éireann - Gnó Éireannach Inbhuanaithe a Luasghéarú

## Luasghéaraigh

Luasghéaraíonn Fiontraíocht Éireann gnólachtaí Éireannacha chun tosaithe, cur i gcrích, scálaithe agus ceangail go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. Tacaímid le comhlachtaí Éireannacha chun poist agus onnmhairithe a fhás, agus chun gnólachtaí nuathionscanta nuálaíocha a chothú le bheith ina rathúnas domhanda amach anseo.

## Inbhuanaithe:

Is é an aidhm atá againn tacú le fás agus forbairt inbhuanaithe ghnó na hÉireann. Oibreoimid le gnólachtaí Éireannacha chun a raon domhanda, a n-iomaíochas, a dtáirgiúlacht agus a ndul chun cinn i dtreo todhchaí 'glan-nialasach' a neartú. Teastaíonn uainn go mbeidh rath ar ghnólachtaí Éireannacha ionas go gcruthóidh siad agus go gcothabhálfaidh siad fostaíocht agus toradh ard eacnamaíoch anois agus san fhadtéarma d'Éirinn agus do mhuintir na hÉireann.

## Gnó Éireannach:

Is é ár n-uaillmhian sna cúig bliana amach romhainn tacú le gnólachtaí Éireannacha cur níos mó fós le geilleagar na hÉireann trí fhás idirnáisiúnta agus trí fhostaíocht ar fud na tíre.

**Is é ár n-uaillmhian fhadtéarmach go mbeidh onnmhairiú cuideachtaí Éireannacha ina phríomhspreagadh do gheilleagar na hÉireann**

# Ár Straitéis

## Tosaigh

### Tacú le gnólachtaí nuathionscanta le huaillmhianta fadtéarmacha maidir leis an bhfás inbhuanaithe

#### An Uaillmhian do 2029

Píblíne láidir de ghnólachtaí nuathionscanta nuálacha agus inscálaithe chun fás inbhuanaithe fadtéarmach, forbairt agus cruthú post ar ardchaighdeán a chur chun cinn ar fud na hÉireann.

#### An Sprioctharadh

- Tacú le 1,000 gnólacht nuathionscanta nua thar an tréimhse 5 bliana ó 2025 go 2029.

## Téigh in Iomaíocht

### Táirgiúlacht, iomaíocht, athléimneacht agus inbhuanaitheacht a neartú

#### An Uaillmhian do 2029

Fiontair níos táirgiúla faoi úinéireacht na hÉireann bunaithe ar inbhuanaitheacht, nuálaíocht, digitiú, éifeachtúlacht oibríochtúil, agus ceannaireacht agus cumas láidir.

#### Na Spriocthorthaí

- Laghdú 35% ar astaíochtaí $CO_2$ ó chuideachtaí a fhaigheann tacaíocht ó Fhiontraíocht Éireann faoi dheireadh 2030.
- Meánmhéadú bliantúil 3% ar tháirgiúlacht chuideachtaí Fhiontraíocht Éireann ó 2025 go 2029.
- 1,700 easpórtálaí breise faoi úinéireacht Éireannach faoi 2029 i gcomhar le OFÁnna.
- Caiteachas €2.2 billiún ar TF&N ag cuideachtaí a fuair tacaíocht ó Fhiontraíocht Éireann in 2029.

## Scála

### Líon na comhlachtaí Éireannacha den scoth a mhéadú

#### An Uaillmhian do 2029

Líon níos mó cuideachtaí ar scála atá faoi úinéireacht Éireannach agus a bhfuil rath idirnáisiúnta orthu agus a théann chun tairbhe d'Éirinn.

#### Na Spriocthorthaí

- Bhí 275,000 duine fostaithe i gcuideachtaí a fuair tacaíocht ó Fhiontraíocht Éireann in 2029.
- Thacaigh €50 billiún i ndíolacháin easpórtála de chuid Fhiontraíocht Éireann le cuideachtaí in 2029.
- 150 cuideachta mhór easpórtála Éireannach a bhfuil níos mó ná 250 fostaí acu faoi 2029.

## Ceangal

### Naisc fiontar agus an t-éiceachóras nuálaíochta a fheabhsú

#### An Uaillmhian do 2029

Éiceachóras fiontraíochta agus nuálaíochta atá feabhsaithe, iomaíoch go hidirnáisiúnta agus nasctha agus a chothaíonn gnólachtaí nuathionscanta, a thacaíonn le fás fiontar, a spreagann nuálaíocht agus infheistíocht, agus a thacaíonn le gnólachtaí rathúla idirnáisiúnta na hÉireann.

#### An Sprioctharadh

- €55 bhilliún caite laistigh de gheilleagar intíre na hÉireann ag cuideachtaí a fuair tacaíocht ó Fhiontraíocht Éireann in 2029.

Aithníodh sé seift straitéiseacha ag Fiontraíocht Éireann a úsáidfimid chun tacú le gnólachtaí Éireannacha chun **tosaithe, cur i gcrích, scálaithe,** agus **ceangail:**

## Uaillmhian a Chistiú

Rochtain ar mhaoiniú fiachais agus cothromais a fheabhsú chun infheistíocht a spreagadh i bhfiontair a bhfuil acmhainneacht eisceachtúil acu.

## Nuálaíocht a Spreagadh

Comhoibriú agus infheistíocht a spreagadh i nuálaíocht, i bhforbairt agus i dtráchtálú taighde le haghaidh fás agus iomaíochas fadtéarmach, inbhuanaithe.

## Inbhuanaitheacht a Chuimsiú

Gnó na hÉireann a threorú maidir le glacadh le hinbhuanaitheacht chun tacú le hÉirinn a hoibleagáidí aeráide a chomhlíonadh, agus athléimneacht agus iomaíochas oibríochtúil a neartú ag an am céanna.

## Scileanna agus Tallann a Neartú

Cláir, comhpháirtíochtaí straitéiseacha agus tacaíochtaí airgeadais a sheachadadh chun cumas, scileanna agus forbairt ceannaireachta a thiomáint.

## Deiseanna Domhanda a Uasmhéadú

Uaillmhian dhomhanda a spreagadh agus tacú le cuideachtaí Éireannacha deiseanna idirnáisiúnta a aithint agus scála a dhéanamh thar lear.

## Feidhmíocht a Spreagadh

Cabhrú le gnólachtaí na hÉireann próisis IS, próisis uathoibrithe agus próisis dhigiteacha a ghlacadh, agus claochlú oibríochtúil chun cabhrú leo táirgiúlacht a fheabhsú, costais a laghdú, agus fás inbhuanaithe a spreagadh.

# Tosaigh

## Tacaíocht a thabhairt do ghnólachtaí nuathionscanta le huaillmhianta fadtéarmacha, inbhuanaithe fáis

Tá gnólachtaí nuathionscanta uaillmhianacha agus nuálaíocha mar bhunchloch gheilleagar na hÉireann agus beidh siad mar bhuntúis ratha fiontraíochta amach anseo.

I gcomhpháirtíocht le hOifigí Fiontair Áitiúla (LEOnna) agus an éiceachóras fiontraíochta agus nuálaíochta níos leithne, tá sé mar aidhm Fhiontraíocht Éireann an chéad ghlúin eile de rath fiontraíochta Éireannach a chothú trí chabhrú le gnólachtaí nuathionscanta uaillmhianacha rochtain a fháil ar airgeadas, cumas a thógáil, agus dul i méid go hintíre agus go hidirnáisiúnta.

### Uaillmhian a Chistiú

Aithníonn Fiontraíocht Éireann na deacrachtaí a mbíonn ag fiontraithe agus infheistíocht sa chéim luath a bhailiú ar fud réimse earnálacha.

Bíonn éagsúlacht ar ghnólachtaí nuathionscanta, ó fhoirne beaga i mbun forbartha ar theicneolaíochtaí go hoibriúcháin déantúsaíochta úrnua ar mhéid níos mó. Go minic bíonn rochtain ar shíolchaipiteal ríthábhachtach chun táirgí a fhorbairt ón gcéim chruthúnas ar choincheap go bailíochtú margaidh.

Cuirfidh Fiontraíocht Éireann tacaíocht agus cistiúchán ar fáil do ghnólachtaí nuathionscanta nuálaíocha chun cabhrú leo a n-uaillmhianta fáis a scálú agus a gcur i gcrích. Is féidir le hinfheistíochtaí straitéiseacha díreacha i ngnólachtaí nuathionscanta agus earnálacha ard-chumais, agus trí chistiú indíreach ó Scéim Síolchaipitil agus Caipitil Fiontair Fhiontraíocht Éireann, cabhrú le fiontraithe bacainní margaidh suntasacha a shárú, an riosca a bhaint d'infheistíocht bhreise tríú páirtí, agus tacú le gnólachtaí Éireannacha tosú, cur i gcrích, scálú agus nascadh. Treiseoidh, trínár n-infheistíocht, breis chistiúcháin do ghnólachtaí nuathionscanta Éireannacha in earnálacha atá ag teacht chun cinn, nuálaíocha, agus tábhachtach go straitéiseach amhail an earnáil dhigiteach, bia, cúram sláinte, agus inbhuanaitheacht d'fhás fadtéarmach na hÉireann.

### Uaillmhian do 2029

Píblíne láidir de ghnólachtaí nuathionscanta nuálacha agus inscálaithe chun fás inbhuanaithe fadtéarmach, forbairt agus cruthú post ar ardchaighdeán a chur chun cinn ar fud na hÉireann.

### An Spriocthoradh

- Tacú le 1,000 gnólacht nuathionscanta nua thar an tréimhse 5 bliana ó 2025 go 2029.

### Tionscnaimh Straitéiseacha

- Líon na n-infheistíochtaí a mhéadú do ghnólachtaí nuathionscanta réamhshíle agus luathchéime in earnálacha an-nuálach ar fud na hIntleachta Saorga (IS) agus na meaisínfhoghlama, na domhainteicneolaíochta, na hardmhonaraíochta, na teicneolaíochta digití, an chúraim sláinte, na cruthaitheachta agus na hinbhuanaitheachta.
- Leibhéil mhéadaithe maoinithe a ghealladh faoin **Scéim Caipitil Síolta agus Fiontair** chun infheistíocht ón earnáil phríobháideach a ghiaráil agus infhaighteacht caipitil réamhshíol, síol, agus shraitheanna A agus B sa mhargadh a mhéadú.
- Plean a fhorbairt do Ghnólacht **Nuathionscanta**na hÉireann, agus cur chuige comhordaithe chun tacaíochtaí agus cláir do ghnólachtaí nuathionscanta a fheabhsú agus a ailíniú ar fud éiceachóras nuathionscanta na hÉireann. Áireofar leis sin an fhorbairt a d'fhéadfaí a dhéanamh ar **Chlár Náisiúnta Luasaire** nua chun cabhrú le fiontraithe agus gnólachtaí nuathionscanta atá uaillmhianach ar fud an domhain.

## Nuálaíocht a Spreagadh

Tagann an poitéinseal rathúlachta i ngnólachtaí nuathionscanta sa chéim luath ón gcumas luach margaidh a thairiscint trí tháirgí agus trí phróisis atá nua, níos fearr, nó níos saoire. Déanann gnólachtaí nuathionscanta infheistiú in am, tallann, agus acmhainní ag céimeanna éagsúla chun a bheith nuálach ar mhaithe le buntáiste sa mhargadh a bhaint amach.

Is féidir le Moil Nuálaíocha ról cumhachtach a bheith acu i dtallann fiontraíochta a chothú agus i bhforbairt táirge agus seirbhíse. Leanfaidh Fiontraíocht Éireann le comhoibriú le LEOnna a chur chun cinn, moil nuálaíocha, luasghéaruithe, agus tionscnaimh fiontraíochta amhail New Frontiers, chun tacú le líonra gnólachtaí nuathionscanta ar bhonn náisiúnta.

Tá cosaint luath maoine intleachtúla (IP) ag gnólachtaí nuathionscanta agus ag Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide (SMEnna) ríthábhachtach chun bealaí fáis inbhuanaitheacha a dhaingniú do ghnólachtaí óga. Leanfaidh feasacht a ardú ar thábhacht IP le gnólachtaí ar a dturais ó thosú go scálú le bheith thar a bheith tábhachtach.

Le blianta anuas, chuir Fiontraíocht Éireann roinnt idirghabhálacha straitéiseacha chun críche chun gníomhaíocht ghnólachtaí nuathionscanta treoraithe ag nuálaíocht a threisiú, lena n-áirítear Spreagadh Aistrithe Eolais (KT), an Chiste Nuálaíochta Teicneolaíochtaí Suaiteacha, agus Tionscnamh na Nuálaithe. Cuirfimid le príomhinfheistíochtaí agus tacaíocht bhreise a fhorbairt, agus muid ag obair le comhpháirtithe ar fud an éiceachórais nuálaíoch, chun an phíblíne gníomhaíochta gnólachtaí nuathionscanta treoraithe ag nuálaíocht a mhúscailt.

Trí thábhacht straitéiseach an éiceachórais fiontraíochta a aithint, tá Fiontraíocht Éireann tiomanta chun forbairt Moil Gnólachtaí Nuathionscanta Náisiúnta suaitheanta a threorú mar thiománaí le haghaidh nuálaíocht ghnólachtaí nuathionscanta.

### Tionscnaimh Straitéiseacha

- Cinnteoidh Fiontraíocht Éireann agus **Aistriú Eolais Éireann** go réamhghníomhach go bhfuil infheistíocht stáit i dtaighde ag uasmhéadú sainaithint, cothú agus forbairt píblíne láidir de sheach-chuideachtaí 'teicneolaíochta doimhne' atá saibhir ó thaobh maoine intleachtúla de.
- **Mol Nuathionscanta Náisiúnta** nua a fhorbairt chun ardán a chur ar fáil do pháirtithe leasmhara chun a gcuid tacaíochtaí a chur ar taispeáint, dlús a chur leis an bpróiseas nuathionscanta, agus comhoibriú le fiontraithe eile.



Rialtas na hÉireann Government of Ireland
Arna chomhchistiú ag an Aontas Eorpach Co-funded by the European Union
Tionól Réigiúnach an Tuaiscirt & an Iarthair Northern & Western Regional Assembly
Tionól Réigiúnach an Deiscirt Southern Regional Assembly
Fiontraíocht Éireann Enterprise Ireland

*Déanann Rialtas na hÉireann agus an tAontas Eorpach cómhaoiniú ar Thionscnamh Nuálaithe Fhiontraíocht Éireann agus KT Boost trí Chlár Réigiúnach an Deiscirt, an Oirthir agus Lár Tíre 2021- 2027 CFRE agus trí Chlár Réigiúnach an Tuaiscirt agus an Iarthair 2021 - 2027.*

## Scileanna agus Tallann a Neartú

Tá foireann láidir nuathionscanta bunúsach chun tograí agus táirgí a thabhairt ó idéú go forghníomhú agus scálú. Déantar rathúlacht a luasghéarú trí chumas agus scileanna ceannaireachta ag a mbíonn tionchar acu. Tacaíonn Fiontraíocht Éireann le bunaitheoirí agus le foirne chun a gcumais a fhorbairt a thuilleadh trí thionscnaimh shuaitheanta lena n-áirítear New Frontiers, Fóram Bunaitheoirí na nGnólachtaí Nuathionscanta Ardacmhainne (HPSU), agus na cláir ullmheachta infheisteora agus meantóireachta. Faightear aiseolas dearfach go seasmhach maidir leis na tionscnaimh sin ó bhunaitheoirí comhlachta, agus déanfar iad a fhorbairt a thuilleadh sa chéad chúig bhliain eile mar chuid den straitéis seo.

Le blianta anuas, ghlac Fiontraíocht Éireann le cur chuige spriocdhírithe chun níos mó rannpháirtíochta a mhúscailt i mná sna foirne fiontraíochta agus ceannaireachta. Mhúsclaíodh an cur chuige sin méadú suntasach i líon na mban atá ag treorú fiontar. Agus déimeagrafacha agus lucht saothair athraitheach na hÉireann á dtuiscint acu, leathnóidh Fiontraíocht Éireann ar sin agus spreagfaidh siad níos mó rannpháirtíochta ó ghrúpaí atá faoi ghannionadaíocht faoi láthair chun tírdhreach fiontraíochta níos éagsúlaí, níos cothromasaí, agus níos inrochtana a chothú.

### Tionscnaimh Straitéiseacha

- Ceangail bunaitheoirí trí **Fhóram Bunaitheoirí HPSU** feabhsaithe agus tionscnaimh líonraithe bhreise chun nascacht alumni, piarfhoghlaim agus líonrú a neartú.
- Cláir nua a fhorbairt chun gníomhaíocht nuathionscanta ó ghrúpaí faoi ghannionadaíocht a chothú.

## Deiseanna Domhanda a Uasmhéadú

Tá ról ollmhór ag leathnú idirnáisiúnta, go háirithe ag méid measartha beag an mhargaidh Éireannaigh, i gcumas gnólachtaí nuathionscanta Éireannacha a bheith faoi bhláth agus a scálú, agus cur le fás inbhunaitheach geilleagrach. I gcomhréir le Straitéis Trádála agus Infheistíochta uileghabhálach an Rialtais, tá aird ar leith dírithe ar shuíomh na hÉireann laistigh de luach dhomhanda agus slabhraí soláthair, tarchuir ó Chomhaontuithe Saorthrádála an AE a uasmhéadú, agus buntáistí mhargadh aonair an AE a bhaint amach. Tá tábhacht atá fiú níos mó ar chaighdeáin ceadúnaithe easpórtála agus eolas úsáideora deiridh, go háirithe sna hearnálacha ardtheice, cibear, agus bogearraí, áiteanna ina bhfuil cumas gnólachtaí Éireannacha léirithe. Trí mheán tionscnamh iontrála margaidh nua agus saineolais rochtain-ar-mhargaidh curtha ar fáil ar ár líonra oifigí idirnáisiúnta, tacóidh Fiontraíocht Éireann le gnólachtaí nuathionscanta chun pleananna fáis inchreidte a chumadh, rochtain a fháil ar fhaisnéis mhargaí, díolacháin agus acmhainní margaíochta a threisiú agus comhpháirtithe idirnáisiúnta a dhaingniú.

### Tionscnamh Straitéiseach

- Dlús a chur le haistear nuathionscanta fhiontar na hÉireann chun rochtain a fháil ar mhargaí easpórtála céaduaire trí thacaíocht thiomnaithe ó líonra oifigí idirnáisiúnta Fhiontraíocht Éireann agus ó thionscnaimh iontrála margaidh san Eoraip, sa Ríocht Aontaithe agus sna Stáit Aontaithe.



# Téigh in Iomaíocht

## Táirgiúlacht, iomaíocht, athléimneacht agus inbhuanaitheacht a neartú

Tá táirgiúlacht feabhsaithe ríthábhachtach chun iomaíocht agus athléimneacht gnólachtaí Éireannacha a spreagadh sa bhaile agus thar lear. Tacaíonn Fiontraíocht Éireann gnólachtaí Éireannacha le táirgiúlacht a ardú trí tháirgí nuálaíocha, tairiscintí díolacháin iomaíocha, agus níos mó éifeachtachta sa chaoi a ndéantar obair.

Cuirfidh Fiontraíocht Éireann agus na LEOnna saineolas, cistiúchán, agus infheistíocht in RD&I, digitiú, inbhuanaitheacht, oibriúcháin, agus cumas ceannaireachta ar fáil, gach ceann acu atá mar chodanna iomaíochta agus athléimneachta do ghnó Éireannach.

### Nuálaíocht a Spreagadh

Tá infheistíocht in RD&I riachtanach le haghaidh forbartha táirge, éagsúlachta margaidh, agus iomaíochta fiontair. Thug Fiontraíocht Éireann tacaíocht do chaiteachas comhlachtaí ar RD&I méadaithe ó
€1.1 billiún in 2020 go €1.55 billiún in 2023.

In ainneoin an fháis sin, beidh leibhéil méadaithe infheistíocht ag teastáil má tá Éire chun fanacht iomaíoch go hidirnáisiúnta. Mar thoradh, leanann Fiontraíocht Éireann le hinfheistiú in RD&I le gnólachtaí uaillmhianacha thar fás fadbhreathnaithe fadtéarmacha chun tacú le nuálaíocht shuaiteach agus lena gcinntiú go gcoimeádann agus go neartaíonn Éire a lámh in uachtar iomaíoch.

### Uaillmhian do 2029

Fiontair níos táirgiúla faoi úinéireacht na hÉireann, bunaithe ar inbhuanaitheacht, nuálaíocht, digitiú, éifeachtúlacht oibríochtúil, agus ceannaireacht agus cumais láidre.

### Na Sprioctharthaí

- Laghdú 35% ar astaíochtaí$CO_2$ ó chuideachtaí a fhaigheann tacaíocht ó Fhiontraíocht Éireann faoi dheireadh 2030.
- Meánmhéadú bliantúil 3% ar tháirgiúlacht chuideachtaí Fhiontraíocht Éireann ó 2025 go 2029.
- 1,700 easpórtálaí breise faoi úinéireacht Éireannach faoi 2029 i gcomhar le OFÁnna.
- Caiteachas €2.2 billiún ar TF&N ag cuideachtaí a fuair tacaíocht ó Fhiontraíocht Éireann in 2029.

### Tionscnamh Straitéiseach

- Oibriú trí Lárionaid **Teicneolaíochta** agus leis an gcóras taighde níos leithne chun tairiscintí agus léargais spriocdhírithe a chur ar fáil do ghnólachtaí, agus deiseanna in IS agus sa mheaisínfhoghlaim á ngiaráil go sonrach le haghaidh uathoibriú luathaithe seirbhísí gnó.

## Inbhuanaitheacht a Chuimsiú

Cruthaíonn an riachtanas domhanda chun dul i ngleic le hathrú aeráide dúshláin don bhealach a ndéantar oibriúcháin. Tugann sé deiseanna do ghnólachtaí Éireannacha chomh maith éifeachtúlacht a fheabhsú, costais a laghdú, agus an lámh in uachtar a fháil ar iomaitheoirí níos moille agus ag a bhfuil níos lú nuálaíochta sna margaí idirnáisiúnta. Ní mór do ghnólachtaí Éireannacha inbhuanaitheacht a chuimsiú mar phríomhthiománaí iomaíochta.

Tá gnóthú laghduithe astaíochta ar fud na hearnála fiontraíochta lárnach do Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide an Rialtais agus an Páipéar Bán ar Fhiontraíocht. Tá Gníomhaireachtaí Fiontraíochta Rialtais freagrach as tacú le sprioc 35% de laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa don tionscal faoi 2030. Tá €300 milliún tosaigh imfhálaithe ar an Rialtas chun aistriú i gcomhlachtaí déantúsaíochta a spreagadh.

Táirgeann Fiontraíocht Éireann réimse tacaíochtaí díreacha faoinár gCiste Aistrithe Glas lena gcumasaítear do ghnólachtaí deiseanna a threisiú faoi Mhargadh Glas na hEorpa.

### Tionscnaimh Straitéiseacha

- Ár ngníomhaíochtaí maidir leis an **Aistriú Glas** a leathnú chun tacú le gnólachtaí an inbhuanaitheacht a leabú ina straitéis chuideachta, ina samhlacha gnó, ina dtáirgí agus ina seirbhísí.
- **Deontais um Fhorbairt Chuideachtaí Straitéiseacha** a chur ar fáil chun cabhrú le gnólachtaí na hÉireann glacadh le haistriú dúbailte na hinbhuanaitheachta agus an digitithe.
- Monaróirí na hÉireann a dhreasú chun dul i ngleic le hastaíochtaí gás ceaptha teasa trí chiste €300 milliún an Rialtais.





## Scileanna agus Tallann a Neartú

Is phríomhthiománaithe iad scileanna, tallann, agus ceannaireacht san iomaíocht margaidh. Cabhraíonn siad le smaoineamh cruthaitheach, réadú uaillmhianta, agus freagrachtaí éifeachtúla ar dheiseanna agus dúshláin a sheachadadh.

Tacóidh Fiontraíocht Éireann le gnólachtaí chun a scileanna agus tallann a dhoimhniú trí chláir forbartha cumais agus acmhainneachta do cheannairí gnólachta agus fiontraithe.

Tá Fiontraíocht Éireann ag oibriú i gcomhpháirt le Taighde Éireann, an Roinn Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta, agus an Roinn
Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta chun riachtanais scileanna náisiúnta anois agus amach anseo a aithint agus chun dul i ngleic leo.

Beidh scileanna agus tallann ríthábhachtach chun inbhuanaitheacht agus RD&I 'neodrach' ríthábhachtach in iomaíocht na ngnólachtaí Éireannacha. Bíonn comhoibriú leanúnach leis an Údarás um Ard-Oideachas tábhachtach fós trí thionscnaimh amhail tríd an gClár Odyssey. Iarrfaimid ar an leibhéal tallainne taighde ardcháilíochta atá ar fáil don tionscal Éireannach a mhéadú trína gClár Réidh don Obair iarchéime agus trí dheiseanna Cláir Creata Eorpaigh.

Anuas air sin, seoladh clár taighde iardhochtúireachta nuálaíoch €15 milliún, Sustain-FIT, atá comhchistithe ag Fiontraíocht Éireann agus an AE agus is féidir rochtain a fháil air chun cabhrú leis an earnáil fiontair Éireannach a astaíochtaí a laghdú.

### Tionscnaimh Straitéiseacha

- Deontais **um Fhorbairt agus Oiliúint Straitéiseach Cuideachtaí** a sholáthar ar scála chun ionsú teicneolaíochta agus feabhsú táirgiúlachta a éascú, agus tacú le gnólachtaí Éireannacha comhpháirtithe sainchainéil a fhostú chun aistriú dúbailte na hinbhuanaitheachta agus an digitithe a bhainistiú.
- Tacú leis an gclár **Sustain-FIT** , mar idirghabháil straitéiseach thábhachtach chun acmhainní taighde a neartú ar an leibhéal náisiúnta.

## Deiseanna Domhanda a Uasmhéadú

Beidh baint amach leathnaithe mhóir i líon na ngnólachtaí easpórtála Éireannacha lárnach d'uaillmhianta Fhiontraíocht Éireann a sheachadadh. Beidh gá le dul i bhfód níos doimhne ar an margadh reatha, agus éagsúlú isteach go réimsí nua agus earnálacha nuálaíocha, chun an fás agus an athléimneacht atá de dhíth amach anseo a sheachadadh.

Díreoidh Fiontraíocht Éireann, trí chomhoibriú le LEOnna faoi shainordú chun tacú le onnmhaireoirí ionchasacha le suas go 50 fostaí, ar iarrachtaí chun líon méadaithe gnólachtaí Éireannacha a chumasú chun a bpoitéinseal easpórtála agus idirnáisiúnaithe a bhaint amach.

### Tionscnamh Straitéiseach

- Tacú le gnólachtaí Éireannacha nach n-easpórtálann earraí chun tús a chur lena n-aistear easpórtála trí chlár nua luasaire atá dírithe ar uaillmhian dhomhanda a spreagadh, ar chumas iontrála sa mhargadh a fheabhsú, agus ar aghaidh a thabhairt ar bhacainní ar mhargaí idirnáisiúnta.

## Feidhmíocht a Spreagadh

Tá sé níos práinní anois ná riamh do ghnólachtaí na hÉireann barr feabhais oibríochta a bhaint amach. Tá méid, raon agus luas cur chun cinn teicneolaíoch ag spreagadh athraithe bunúsaigh sa chaoi a n-oibríonn gnólachtaí agus an chaoi a mbíonn siad i rannpháirtíocht lena dtomhaltóirí. Tá an acmhainneacht ag réim dhigiteach agus IS modhanna oibre a chlaochlú. Cuireann sé seo níos mó béime ar athléimneacht agus níos mó táirgiúlachta a sheachadadh.

Bíonn an glacadh digiteach agus claochlú oibriúcháin dúshlánach fós ach cuirfear deiseanna ar fáil do ghnóthachain éifeachtúlachta agus táirgiúlachta, barrfheabhsú táirgiúlachta agus slabhraí soláthair, agus feabhsúcháin inbhuanaitheachta suntasacha.

Cabhróidh Fiontraíocht Éireann gnólachtaí a n-oibriúcháin agus tairiscintí táirge agus seirbhísí trí thacaíochtaí airgeadais agus tacaíochtaí claochlaithe digiteacha straitéiseacha.

Tacóidh Fiontraíocht Éireann le gnólachtaí Éireannacha trí chlár spreagtha ag sonraí de thionscnaimh straitéiseacha, lena n-áirítear glacadh leathan IS.

### Tionscnaimh Straitéiseacha

- I gcomhpháirtíocht le **OFÁnna**, tacaíocht chlársceidealaithe a chur ar fáil i réimsí lena n-áirítear digitiú, inbhuanaitheacht agus nuálaíocht do chuideachtaí a thrádáiltear go háitiúil.
- Cuirfidh Fiontraíocht Éireann lena cuid gníomhaíochtaí faoi **'Tithíocht do Chách'** , áit a bhfuilimid ag tacú leis an earnáil chónaithe intíre chun nuálaíocht, táirgiúlacht agus riachtanais náisiúnta eile a bhaineann le tithíocht a spreagadh.
- Comhoibriú leis na **Moil Nuálaíochta Digití Eorpacha** chun tacú le gnólachtaí Éireannacha a dturais dhigiteacha a mhapáil agus teicneolaíochtaí iomchuí a shainaithint chun fás a spreagadh.



# Comhpháirtíocht leis na hOifigí Fiontair Áitiúil

## Tacaíonn Fiontraíocht Éireann le gnólachtaí go díreach trína hoifigí réigiúnacha, agus i gcomhar leis na hOifigí Fiontair Áitiúla (OFÁnna).

Bunaíodh OFÁnna in 2014 agus feidhmíonn siad mar chomhpháirtithe ar fud 31 Údarás Áitiúil chun tacú le gnólachtaí Éireannacha gníomhaíocht fostaíochta agus gheilleagrach a thosú agus a fhás, a chruthú agus a chothabháil i ngach réigiún in Éirinn. Is iad OFÁnna an acmhainn phríomha d'aon ghnó Éireannach a bhfuil tacaíocht forbartha á lorg acu.

Tairgeann OFÁnna cúnamh do chuideachtaí réamh-onnmhairithe chun a dtairiscintí a fhorbairt, custaiméirí a fháil, fostaíocht a fhás, agus a bheith réidh le heaspórtáil. Is féidir le gnólachtaí leas a bhaint as réimse leathan clár meantóireachta, oiliúna, agus clár straitéiseach, airgeadais agus comhairleoireachta ag príomhchéimeanna forbartha gnó.

Tá comhpháirtíocht Fhiontraíocht Éireann le OFÁnna, arna rialú trí chomhaontú ar leibhéal seirbhíse, ríthábhachtach chun tacaíocht a sholáthar do ghnólachtaí uile na hÉireann, chun líon na n-onnmhaireoirí Éireannacha a mhéadú, agus chun tacú le cruthú post ar fud na tíre. Bíonn Oifigí Réigiúnacha agus OFÁnna Fhiontraíocht Éireann ag plé go leanúnach le deiseanna do ghnólachtaí a uasmhéadú, ag cinntiú go bhfuiltear ag tacú le gach cuideachta chun a lánacmhainneacht a bhaint amach.





# Scálú

## Líon na gcomhlachtaí Éireannacha den scoth a mhéadú

Oibríonn Fiontraíocht Éireann le gnólachtaí Éireannacha den scoth ar éirigh thar barr leo go hidirnáisiúnta in earnálacha lena n-áirítear Teicneolaíocht an Airgeadais, Bia, Seirbhísí TF, agus Eolaíochtaí na Beatha. Tá an cumas ag i bhfad níos mó gnólachtaí Éireannacha scálú sna margaí domhanda agus tacóidh Fiontraíocht Éireann leo an poitéinseal sin a bhaint amach ar fud earnálacha bunaithe, agus i réimsí atá ag teacht chun cinn lena n-áirítear IS, Sláinte Dhigiteach, an Spás agus Inbhuanaitheacht.

Is féidir le líon méadaithe comhlachtaí den scoth de scála nó 'comhlachtaí ollmhóra' tairbhí geilleagracha suntasacha d'Éirinn a sheachadadh. Is féidir le comhlachtaí easpórtála Éireannacha, trí fhás i ndíolacháin idirnáisiúnta, infheistíocht, fostaíocht agus lucht teagmhála, a bheith mar phríomhthiománaithe gheilleagar na hÉireann. Sa chéad chúig bliana amach anseo, tabharfaidh Fiontraíocht Éireann fócas athnuaite lena gcinntiú go gcumasaítear le tuilleadh gnólachtaí Éireannacha scálú, agus chun é dhéanamh ag rátaí níos tapúla.

### Uaillmhian a Chistiú

Bíonn rochtain ar airgeadas agus deiseanna cistithe fós ina mbacainní ar oibriúcháin scálaithe gnólachtaí Éireannacha go hintíre agus ar rathúlacht i margaí idirnáisiúnta.
Tá raon cur chuige ar fáil chun tacú le huaillmhianta scálaithe, lena n-áirítear infheistíocht chaipitil fiontair, comhpháirtíochtaí idirnáisiúnta, agus fálacha ina rogha straitéiseach le haghaidh leathnaithe. Tá Fiontraíocht Éireann tiomanta le bheith ag oibriú le gnólachtaí Éireannacha chun straitéisí scálaithe atá ceart dóibh a phleanáil, a chistiú agus a chur chun feidhme.

### Uaillmhian do 2029

Líon níos mó cuideachtaí scála a bhfuil rath idirnáisiúnta orthu agus atá faoi úinéireacht Éireannach, a chuireann tairbhí ar fáil d'Éirinn.

### Na Spriocthorthaí

- Bhí 275,000 duine fostaithe i gcuideachtaí a fuair tacaíocht ó Fhiontraíocht Éireann in 2029.
- Thacaigh €50 billiún i ndíolacháin easpórtála de chuid Fhiontraíocht Éireann le cuideachtaí in 2029.
- 150 cuideachta mhór easpórtála Éireannach a bhfuil níos mó ná 250 fostaí acu faoi 2029.

### Tionscnaimh Straitéiseacha

- **Ciste Scálaithe Fiontair** a bhunú chun infheistíocht dhíreach shuntasach a chur ar fáil chun cuideachtaí a scálú agus chun caipiteal fiontair a ghiaráil sa bhaile agus go hidirnáisiúnta níos mó ná mar is féidir faoi láthair faoin Scéim Caipitil Síolta agus Fiontair atá againn faoi láthair.
- Trínár n-oifigí idirnáisiúnta, tacú le fiontar na hÉireann rochtain a fháil ar líonra comhpháirtithe infheistíochta domhanda chun tacaíocht chomhairleach a chur ar fáil dá n-uaillmhianta scálaithe.

## Scileanna agus Tallann a Neartú

Tá sé ríthábhachtach do rathúlacht leanúnach an gheilleagair Éireannaigh go bhfuil SMEnna Éireannacha atá ag iarraidh scálú sna margaí idirnáisiúnta á chumhachtú chun é a dhéanamh ó bhunáit Éireannach. Tá soláthar tacaíochtaí ceannaireachta agus forbartha barrthábhachtach chun cumas foirne bainistíochta agus eagraíochtaí níos leithne a fheabhsú. Beidh an cumas atá ag gnó Éireannach chun na scileanna agus tallann ceart a fhorbairt, a mhealladh agus a choinneáil lárnach don rathúlacht agus don scálú sa bhaile agus thar lear.

### Tionscnamh Straitéiseach

- Cláir cheannaireachta idirnáisiúnta fheabhsaithe agus máistir-ranganna tionscail in earnálacha atá ag teacht chun cinn a sheachadadh chun dlús a chur le cumas domhanda fhiontair na hÉireann agus chun cabhrú le conairí a chruthú isteach i margaí nua.







## Deiseanna Domhanda a Uasmhéadú

Tá an cumas cruthaithe ag fiontraíocht Éireannach chun dul isteach i margaí nua agus a bheith ina gcomhpháirtí iontaofa agus soláthróir i slabhraí soláthair domhanda. Tá an glacadh le timpeallacht trádála atá níos mó agus níos mó casta agus dinimiciúil, agus an lámh in uachtar go hiomaíoch a dhaingniú, lárnach d'oibriúcháin scálaithe gnólachtaí sa bhaile nó thar lear. Caithfidh gnólachtaí Éireannacha athléimneacht a slabhraí soláthair féin a mheas agus a gcomhlíonadh le ceanglais trádála idirnáisiúnta a mbíonn ag athrú a mheas nuair atá siad ag iarraidh a ndeis dhomhanda a uasmhéadú.

Tá Fiontraíocht Éireann tiomanta le bheith ag obair le gnólachtaí Éireannacha chun measúnú a dhéanamh ar a ndíolacháin agus ar a gcumais margaíochta chun cumhacht méadaithe a luasghéarú sa mhargaí nua agus reatha agus iad a fheabhsú. Áirítear leis sin tairiscintí cláir nua, oifigí idirnáisiúnta, seirbhísí comhairliúcháin straitéisí, agus uirlisí tacaíochta digiteacha le haghaidh gnólachtaí Éireannacha. Leanfaidh Fiontraíocht Éireann chomh maith le gnólachtaí Éireannacha a chabhrú chun a n-athléimneacht slabhra soláthair agus a dtairiscintí iomaíochta tríd an Deontas Sannacháin Comhairliúcháin Straitéisigh a athbhreithniú.

Tá ilnáisiúntaigh faoi úinéireacht Éireannach ag a bhfuil láithreacht shuntasach in Éirinn chun tosaigh sa nuálaíocht agus is ceannairí domhanda iad ina réimsí féin. Comhoibreoidh Fiontraíocht Éireann leis na gnólachtaí sin chun tuilleadh cruthú post a sheachadadh ar fud na tíre de réir mar a théann siad i méid.

### Tionscnaimh Straitéiseacha

- Pointí iontrála nua a fhorbairt i margaí straitéiseacha trí chláir earnála faoi cheangal ama i gcomhar le comhpháirtithe idirnáisiúnta.
- Feabhas a chur ar lorg na fiontraíochta Éireannaí ar fud an domhain nuair a osclófar trí oifig nua idirnáisiúnta de chuid Fhiontraíocht Éireann in Atlanta, i nGlaschú agus i Zurich, agus nuair a neartófar ár láithreacht san Eoraip, i gCríocha Mheiriceá agus san Áise.
- **'Bunachar Eolais agus Léargais Margaidh'** nua a sholáthar mar stór do ghnólachtaí Éireannacha chun faisnéis a bhaineann go sonrach le hearnáil faoi leith a fháil maidir le fosholáthar, custaiméirí, comhpháirtithe agus oibreoirí, chun tacú lena ngníomhaíochtaí easpórtála isteach i bpríomh-mhargaí.
- Tairseach dhigiteach féinseirbhíse a chruthú do FBManna na hÉireann ag céimeanna éagsúla forbartha chun bearnaí cumais margaidh a shainaithint agus treochláir phearsantaithe a dhearadh chun cabhrú leo dul isteach i margaí nua agus iad a mhéadú.
- Ár gclár tacaíochta nua **'Sé Chéim de Thuras Idirnáisiúnta'** a sheachadadh chun straitéis margaíochta custaiméirí idirnáisiúnta a fhorbairt, agus cabhrú le gnólachtaí Éireannacha taighde a dhéanamh agus dul isteach i margaí nua.

# Ceangal

## Nascálacha fiontraíochta agus an éiceachóras nuálaíochta a fheabhsú

**Tá éiceachóras saibhir fiontraíochta agus nuálaíochta ina bhfuil go leor gnéithe éagsúla lena n-áirítear ionaid bairr feabhais earnála, moil nuálaíochta, luasairí, braislí tionscail, agus líonraí infheisteoirí ar bhonn náisiúnta. Rinne Fiontraíocht Éireann infheistiú sna éiceachórais sin tríd ár n-oifigí réigiúnacha chun tionchar ar bhonn náisiúnta a sheachadadh.**

Anois tá bonneagar de mhoil nuálaíochta agus ionaid taighde, braislí tionscail, na pobail airgeadais agus infheistíochta, agus líonraí meantóireachta chun tacú le forbairt fiontair ar fud gach réigiún agus gach earnáil.

Cabhraíonn líonra oifigí idirnáisiúnta Fhiontraíocht Éireann le gnólachtaí Éireannacha ceangail fíorthábhachtacha a dhéanamh le comhpháirtithe, ceannaitheoirí, díoltóirí agus infheisteoirí thar lear.

Trí níos mó infheistíochta sa tírdhreach nuálaíochta, agus trí cheangail níos doimhne slabhra soláthair ceangail ghnó ar bhonn náisiúnta a chothú, tairgtear acmhainneacht ollmhór chun luach bhreis a sheachadadh ar fud an éiceachórais fiontraíochta Éireannaigh.

Dearbhaíonn gnólachtaí go minic an tábhacht a bhaineann le ceangail idir phiaraí i dtéarmaí foghlaim chomhroinnte agus comhpháirtíocht agus trádáil féideartha araon.

D'fhéadfadh rochtain ar ghnéithe cearta an éiceachórais éagsúla seo ag an am ceart a bheith in aon an scéal a athrú do ghnólachtaí Éireannacha ag aon chéim dá bhforbairt. D'fhéadfadh ról ríthábhachtach a bheith ag comhoibriú gnó Éireannaigh a neartú, lena n-áirítear comhpháirtithe idirnáisiúnta, chun athléimneacht slabhra soláthair a fheabhsú ag leibhéil comhlachta agus náisiúnta.

Léirítear in aiseolas ó chomhlachtaí arna dtacú ag Fiontraíocht Éireann gur féidir le haithint cúnamh atá ar fáil agus na ceangail cearta a dhéanamh a bheith dúshlánach.

### Uaillmhian do 2029

Éiceachóras fiontraíochta agus nuálaíochta feabhsaithe atá iomaíoch go hidirnáisiúnta agus idirnasctha a chothaíonn gnólachtaí nuathionscanta, a spreagann fás agus infheistíocht fiontraíochta, agus a thacaíonn le gnólachtaí rathúla idirnáisiúnta na hÉireann.

### An Spriocthoradh

- €55 bhilliún caite laistigh de gheilleagar intíre na hÉireann ag cuideachtaí a fuair tacaíocht ó Fhion-traíocht Éireann in 2029.

Tá sé mar aidhm againn don straitéis chúig bhliain seo a chinntiú go n-éascaímid do ghnólachtaí Éireannacha tacaíochtaí poiblí a aithint agus dul i gcomhar leo chun bacainní a shárú, ceangal le nuálaithe agus saineolaithe sa bhaile agus thar lear, agus ceangail ghnó a chruthú i slabhraí soláthair agus margaí idirnáisiúnta.

Oibrímid go dlúth le comhpháirtithe earnála poiblí agus príobháidí chun dul i ngleic le bearnaí inár mbonneagar tacaíocht fiontair agus chun a chinntiú go leantar le gnólachtaí Éireannacha a tacú leis na ceangail, saineolas, agus cumas nuálaíochta ceart, mar atá ailínithe lenár dtiomantas maidir le forbairt chothromasach réigiúnach.

## Nuálaíocht a Spreagadh

### Bonneagar Fiontraíochta a Cheangal: Moil agus Ionaid Nuálaíocha

Tacaíonn bonneagar forbartha gnó amhail moil nuálaíochta agus luasairí le bunaitheoirí agus gnólachtaí nuathionscanta sa chéim luath ar bhonn náisiúnta. Freastalaíonn siad mar ghorlann d'fhiontraithe, ag cur áiseanna nuathionscanta, spásanna oibre dinimiciúla, agus deiseanna gréasánaithe agus socraithe meantóireachta do rannpháirtithe. Rinne Fiontraíocht Éireann infheistiú de bhreis is €145 milliún chun moil nuálaíochta a fhorbairt ar fud na tíre agus tá €145 milliún sa bhreis ar fáil faoi thionscnamh Réigiúnacha Cliste Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa chun fás agus forbairt gheilleagrach ar bhonn náisiúnta a chur chun cinn.

Déanfaidh Fiontraíocht Éireann infheistiú ar bhonneagar chun comhoibriú agus ceangal níos fearr a chothú trí éiceachóras fiontraíochta agus nuálaíochta, ag spreagadh RD&I, idirnascadh fiontraíochta, agus breis luacha ar fud gach réigiún in Éirinn.

### Tionscnaimh Straitéiseacha

- Stiúradh a dhéanamh ar sheachadadh agus ar fhorbairt bhreise an **Mhoil Náisiúnta Fiontair** trasrialtais nua chun feabhas a chur ar rochtain ar fhaisnéis agus ar threoir maidir le tacaíochtaí, imeachtaí agus seimineáir ghréasáin.
- Straitéis a fhorbairt chun bonn eolais a chur faoi chláir infheistíochta réigiúnacha amach anseo chun tionchar a uasmhéadú agus nascacht a mhéadú.

### Bailíochtú Margaidh, Comhpháirtíocht Earnála Poiblí agus an Soláthar Poiblí

De réir an Choimisiúin Eorpaigh, caitheann breis is 250,000 údarás áitiúil san AE thart ar 14% den Olltáirgeacht Intíre (GDP) (thart ar €2 trilliún in aghaidh na bliana) ar cheannachán seirbhísí, oibreacha agus soláthairtí.

Go hintíre, déanfaidh an Plean Forbartha Náisiúnta corprú infheistíocht phoiblí iomlán de €165 billiún go dtí 2030. Léiríonn sé sin deis ollmhór, go háirithe in earnálacha amhail fuinneamh, iompar, bainistíocht dramhaíola, agus coimirce shóisialta, agus soláthar seirbhísí sláinte agus oideachais, sa chás gurb iad údaráis phoiblí na príomhcheannaitheoirí.

Cabhraíonn Fiontraíocht Éireann le gnólachtaí Éireannacha straitéisí a chumadh chun conarthaí earnála poiblí intíre agus idirnáisiúnta araon a bhuachan. Baintear é sin amach trí ghnólachtaí Éireannacha a uasoiliúint chun a bheith níos cumasaí chun tairiscintí ábhartha a aithint agus iarratais láidre a chur isteach ar na deiseanna sin nuair a aithnítear comhoiriúnú soiléir.

Tá Fiontraíocht Éireann tiomanta le bheith ag oibriú le geallsealbhóirí rialtais chun deiseanna do ghnólachtaí Éireannacha a aithint chun táirgí agus seirbhísí a thástáil agus a dhearbhú le heagraíochtaí na hearnála poiblí, chun nuálaíocht theicneolaíoch a spreagadh, agus chun tacú le cruthú réiteach nuálaíoch gurbh fhéidir a thabhairt chuig na margaí idirnáisiúnta. Leanfaimid linn chomh maith ag nascadh gnólachtaí Éireannacha le comhpháirtithe earnála príobháidí agus gníomhaithe stáit amhail Ciste Infheistíochta Straitéisí na hÉireann agus an Chomhairle Nuálaíochta Eorpach.



## Fás i mBia Amach Anseo

Is mol fáis le haghaidh teicneolaíochta agus nuálaíochta bia í Éire. Tá Fiontraíocht Éireann tiomanta cur leis an neart geilleagrach sin trí infheistiú i mbealaí fáis don earnáil amach anseo, i réimsí taighde, teicneolaíochta, agus nuálaíochta.

Tá an earnáil bia ag dul trí thréimhse claochlaithe le hinfheistíocht shuntasach i dtaighde ar fud an domhain. Sa chomhthéacs seo, tá Fiontraíocht Éireann ag fiosrú féidearthacht taispeántóir coipthe beacht réamhthráchtála, píolótach go scála chun tacú leis an tionscal an modh monaraíochta seo a bharrfheabhsú i dtáirgeadh comhábhar bia ardluacha. D'fhéadfaí ceimiceáin mhíne agus bithábhair a áireamh ar aschuir luachmhara eile. Tá sé de chumas ag an teicneolaíocht cheannródaíoch seo na hearnálacha bia agus dí a athrú ó bhonn.

Beidh ról tábhachtach freisin ag IDC a mhealladh in earnálacha an bhia agus na ndeochanna chun seasamh na hÉireann mar cheannaire domhanda a choinneáil. Mar chuid den straitéis seo, tá Fiontraíocht Éireann dírithe ar phíblíne de thionscadail an-nuálach a thógáil amach ón mbonn atá ann faoi láthair agus ó IDC bia céaduaire. Cuirfidh sé seo le fás inbhuanaithe na hearnála, le cruthú post ardcháilíochta T & N, agus le méadú ar luach agus ar éagsúlacht onnmhairí laistigh de thionscal an bhia agus na ndeochanna.

### Tionscnamh Straitéiseach

- **Taispeántóir Coipthe Beachtais** nua réamhthráchtála faoi stiúir an tionscail a bhunú chun treoirthionscadail a scála agus leas a bhaint as acmhainneacht na teicneolaíochta ceannródaíche sin d'earnáil monaraíochta na hÉireann, i gcomhar le príomhpháirtithe leasmhara rialtais.

## Braisliú Tionscail le haghaidh Earnálacha Acmhainneachta

Is éard is braislí ann ná comhghuaillíochtaí idirghníomhacha geografacha d'fhiontair idirnasctha, d'ionaid taighde, agus d'institiúidí gaolmhara i réimsí áirithe a théann san iomaíocht, a chomhoibríonn agus a bhfuil dúshláin agus deiseanna coiteanna rompu. Tacaíonn braislí tionscail le comhoibriú idir an tionscal, an saol acadúil agus an rialtas. Tacaítear le grúpaí tionscal gaolmhar chun deiseanna a thapú agus rath a bhaint amach trí chomhpháirtíochtaí comhoibríocha agus trí shlabhraí soláthair idirnasctha.

Cuidíonn Fiontraíocht Éireann le braislí tionscail tríd an gCiste um Braisliú Teicneolaíochta Réigiúnach, agus tá maoiniú breise geallta aici do bhraislí trí Scéim na Réigiún Cliste. Leanfaidh Fiontraíocht Éireann ag comhoibriú ar bhraislí ar aon dul leis an gClár Braisle Náisiúnta faoi stiúir DETE, atá le tosú i mbliana.

## Leanfaidh Fiontraíocht Éireann ag comhoibriú ar bhraislí ar aon dul leis an gClár Braisle Náisiúnta faoi stiúir DETE, atá le tosú i mbliana.

Tá acmhainneacht shuntasach ag IS agus beidh sí claochlaitheach do ghnólachtaí Éireannacha ag gach céim forbartha agus ar fud go leor earnálacha. Cuideoidh Fiontraíocht Éireann le comhairle a thabhairt maidir le glacadh IS, chomh maith le gnólachtaí a nascadh le saineolaithe domhanda IS chun tacú lena dturais aibíochta digití.

### Tionscnaimh Straitéiseacha

- Treoir agus saineolas a chur ar fáil do ghnólachtaí chun cabhrú leis an gclaochlú digiteach trí cheithre **Mhol Nuálaíochta Digití Eorpacha arna maoiniú ag Fiontraíocht Éireann agus ag an gCoimisiún Eorpach.**
- Tacaíochtaí a sholáthar le haghaidh comhoibriú agus oiliúint taighde chun cabhrú le cuideachtaí leas a bhaint as acmhainneacht na hintleachta saorga trínár nlonaid **Teicneolaíochta** agus **ár nGeataí Teicneolaíochta.**

## Comhoibriú Náisiúnta agus Idirnáisiúnta chun Taighde, Forbairt agus Nuálaíocht a Thiomáint

Tá ról lárnach ag comhoibriú méadaithe TF&N idir institiúidí gnó agus taighde chun tacú le fás fadtéarmach, inbhuanaithe ghnólachtaí na hÉireann. Tá claochlú suntasach á dhéanamh ar dheighleoga criticiúla den gheilleagar, lena n-áirítear na hearnálacha digiteacha, glasa, monaraíochta agus bia.

Trí thionscnaimh mar Ionaid Teicneolaíochta, Geataí, agus príomhdhreasachtaí maoinithe, leanann Fiontraíocht Éireann ag neartú naisc idir taighdeoirí agus nuálaithe, sa bhaile agus go hidirnáisiúnta chun tacú leis na codanna criticiúla seo chomh maith le dul i ngleic le riachtanais tionscail eile.

Cuireann **Ionaid Teicneolaíochta** na hÉireann timpeallacht uathúil ar fáil le haghaidh comhoibriú i réimsí a shainaithníonn an tionscal go bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo. Beidh sé ríthábhachtach comhoibriú a chothú trí Ionaid Teicneolaíochta le linn thréimhse na straitéise agus muid ag iarraidh ár mbonneagar taighde a dhéanamh slán i bhfad na haimsire.

Ina theannta sin, cuireann **Clár na Tairsí Teicneolaíochta** acmhainní forbartha gnó ar fáil do chúig Ollscoil Teicneolaíochta na hÉireann agus d'Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan ar fud líonra de 17 dTairseach Teicneolaíochta, agus €47 milliún geallta don Chlár go 2029. Tugann na tionscnaimh seo deis do ghnólachtaí Éireannacha agus do chuideachtaí ilnáisiúnta oibriú le chéile ar thionscadail straitéiseacha taighde, forbartha agus nuálaíochta atá dírithe ar an margadh i gcomhar le hinstitiúidí taighde chun nuálaíocht atá dírithe ar chustaiméirí a sholáthar.

Tá **Aistriú Eolais Éireann** suite laistigh d'Fhiontraíocht Éireann mar an oifig náisiúnta atá freagrach as gnó a nascadh leis an mbunáit taighde in Éirinn. Éascaíonn sé rannpháirtíocht ghnó le taighde poiblí, agus tá sé mar aidhm aige tráchtálú taighde a dhéanamh níos simplí agus níos simplí. Arna óstáil ag Fiontraíocht Éireann, is clár maoinithe aistrithe eolais €33 mhilliún é KT Boost thar thréimhse ceithre bliana d'earnáil na n-ollscoileanna in Éirinn. Is é an cuspóir tacú le méadú ar thorthaí tráchtálaithe taighde ó laistigh den earnáil go réigiúnach agus go náisiúnta.

Tríd an gclár **Fís Eorpach,** éascaíonn Fiontraíocht Éireann gnólachtaí agus taighdeoirí chun taighde ceannródaíoch, forbairt táirgí agus seirbhísí den scoth agus nuálaíocht cheannródaíoch a chur ar fáil. Tá Fiontraíocht Éireann tiomanta do thacaíocht a thabhairt d'Fhís Eorpach agus d'aon chlár a thiocfaidh ina dhiaidh tar éis 2027 chun an tionchar is mó is féidir a imirt ar ghnólachtaí Éireannacha agus chun tacú le cruthú post.

Beidh tacaíochtaí breise chun uathoibriú tionsclaíoch, meaisínfhoghlaim, agus úsáid AI a luathú ina luamháin chriticiúla chun tacú le hiomaíochas agus fás ar leibhéal gnólachta do chohórt leathan gnólachtaí Éireannacha.

### Tionscnaimh Straitéiseacha

- Comhoibriú le GFT Éireann agus le Taighde Éireann chun an córas Taighde, Forbartha agus Nuálaíochta a mhapáil agus a ailíniú go straitéiseach chun rochtain níos éasca a chur ar fáil do ghnólachtaí.
- Infheistíocht a dhéanamh i mbonneagar taighde chun na tacaíochtaí atá ar fáil do ghnólachtaí i réimsí an uathoibrithe thionsclaíoch, na meaisínfhoghlama agus na hintleachta saorga a mhéadú go suntasach.
- Na tacaíochtaí is gá a chur ar fáil d'iarratasóirí ar Éirinn chun páirt iomlán a ghlacadh in **Fís Eorpach** agus chun sprioc íostarraingthe €1.5 billiún a bhaint amach faoi 2027.
- Tacú le 10,000 rannpháirtíocht fiontraíochta le gnólachtaí Éireannacha trínár mbonneagar agus ár gcláir taighde.

Rialtas na hÉireann Government of Ireland | Arna chomhchistiú ag an Aontas Eorpach Co-funded by the European Union | Tionól Réigiúnach an Tuaiscirt & an Iarthair Northern & Western Regional Assembly | Tionól Réigiúnach an Deiscirt Southern Regional Assembly | Fiontraíocht Éireann Enterprise Ireland

*Tá Tairseacha Teicneolaíochta Fiontraíocht Éireann, an Tionscnamh Nuálaithe, KT Boost and Smart Regions á gcómhaoiniú ag Rialtas na hÉireann agus ag an Aontas Eorpach trí Chlár Réigiúnach an Deiscirt, an Oirthir agus Lár Tíre 2021 - 2027 de chuid CFRE agus trí Chlár Réigiúnach an Tuaiscirt agus an Iarthair 2021 - 2027.*

## Inbhuanaitheacht a Chuimsiú

Gné lárnach de Pháipéar Bán an Rialtais maidir le Fiontraíocht is ea fás táirgiúil agus forbairt fhadtéarmach a spreagadh tríd an inbhuanaitheacht. Ar an gcuma chéanna, is cuid lárnach de chlár oibre Fhiontraíocht Éireann é tacú le gnó na hÉireann deiseanna a thapú. Trí éiceachóras na fiontraíochta agus na nuálaíochta a nascadh, is féidir rannchuidiú le clár oibre na hÉireann maidir leis an dícharbónú agus aistriú cóir a chur ar fáil.

### Comhpháirtíocht chun Gaoth Amach ón gCósta a Sheachadadh

Trí infheistíocht a dhéanamh i bhfuinneamh gaoithe amach ón gcósta, is féidir deis fáis náisiúnta a thapú agus dlús a chur le dícharbónú ghréasán leictreachais na hÉireann. Mar a shonraítear i Rathúnas a Chumhachtú –Straitéis Tionsclaíochta Gaoithe Amach ón gCósta na hÉireann, cuirfidh Fiontraíocht Éireann rannpháirtíocht mhéadaithe gnólachtaí nuathionscanta agus tionscail san fhuinneamh gaoithe amach ón gcósta chun cinn trí chláir forbartha fiontraithe fheabhsaithe agus tacaíochtaí maoinithe spriocdhírithe.

#### Tionscnamh Straitéiseach

- Stiúradh a dhéanamh ar **Ionad Barr Feabhais Náisiúnta Gaoithe Amach ón gCósta** nua-aimseartha a fhorbairt, agtabhairt saineolas tionscail agus acadúil le chéile, agus comhoibriú, taighde agus nuálaíocht a chothú.

## Scileanna agus Tallann a Neartú

### Rannpháirtíocht san Éiceachóras Scileanna

Cuireann an t-éiceachóras scileanna raon leathan agus éagsúlacht tacaíochtaí ar fáil chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais fiontraíochta. Is é an aidhm atá againn thar an straitéis cúig bliana seo a chinntiú go bhfuil bealaí soiléire rannpháirtíochta ag gnólachtaí le breisoideachas agus ardoideachas, uasoiliúint agus fothú acmhainneachta, agus tacaíochtaí oiliúna. Féachfaidh Fiontraíocht Éireann le haghaidh a thabhairt ar riachtanais scileanna cuideachta trí idirghabhálacha saincheaptha amhail an chomhpháirtíocht straitéiseach le SOLAS chun aghaidh a thabhairt ar scileanna bainistíochta FBM.

### Líonraí Bunaitheora

Is uirlis éifeachtach iad líonraí bunaitheoirí chun timpeallacht a chruthú le haghaidh nuálaíochta, comhoibriú gnólacht le gnólacht, rannpháirtíocht sa slabhra soláthair, agus piarthacaíocht agus piarfhoghlaim. Tá Fiontraíocht Éireann in áit mhaith chun líonraí bunaitheoirí a éascú trí ghrúpaí alumni a thagann chun cinn ó chláir amhail Fóram Bunaitheoirí HPSU agus Ceannaireacht le haghaidh Fáis, chomh maith le líonraí cuideachtaí a chothú. Cuirfidh Fiontraíocht Éireann béim as an nua ar líonraí alumni gníomhacha a shlógadh.







## Feidhmíocht a Spreagadh

### Obair le hOifigí Fiontair Áitiúla agus le Gníomhaireachtaí Fiontraíochta

Tugann ár gcomhoibriú le hOifigí Fiontair Áitiúil tús áite do chur chuige comhleanúnach lena gcinntítear go dtacaítear le gach gnólacht Éireannach le linn a n-aistear forbartha. Le linn thréimhse na straitéise seo, féachfaimid le haistriú cuideachtaí idir Fiontraíocht Éireann agus OFÁnna a chuíchóiriú tuilleadh.

Aithnítear fiontair shóisialta mar chuid luachmhar den gheilleagar. Go díreach, agus i gcomhpháirtíocht leis na OFÁnna, oibreoimid le fiontair shóisialta ar bhealach spriocdhírithe chun tacú leo siúd a bhfuil acmhainneacht cruthaithe agus onnmhairithe post acu, leo siúd a fhostaíonn níos mó ná 50 duine, agus leo siúd a théann i ngleic le dúshláin inbhuanaitheachta agus geilleagair chiorclaigh.

Leanfaimid orainn ag comhoibriú go dlúth lenár gcomhghníomhaireachtaí, GFT Éireann agus Research Ireland, agus ag comhordú lenár máthair-roinn, DETE, chun tacaíochtaí gnó agus éiceachórais a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm le fócas leanúnach ar eispéireas an iarratasóra a fheabhsú.

### Rannpháirtíocht idir Cuideachtaí IDC agus Fiontraíocht na hÉireann a Chur Chun Cinn

Tá bonn IDC an-láidir ag Éirinn, le tacaíocht ó GFT Éireann. Oibreoidh Fiontraíocht Éireann agus GFT Éireann le chéile chun éifeachtaí iarmharta IDC ar an ngeilleagar i gcoitinne a uasmhéadú. Oibreoidh Fiontraíocht Éireann i gcomhpháirt le GFT Éireann chun tionscnaimh chomhoibritheacha spriocdhírithe a dhearadh idir gnólachtaí Éireannacha agus cuideachtaí ilnáisiúnta atá ag feidhmiú in Éirinn, agus béim ar leith á leagan ar dhigitiú agus ar réitigh inbhuanaitheachta.

### Tacú le Fás agus Forbairt Eacnamaíoch Inbhuanaithe

Leanfaidh Fiontraíocht Éireann de bheith i dteagmháil le gnólachtaí chun tuiscint iomlán a fháil ar a riachtanais ghearrthéarmacha agus ar a ndúshláin fhadtéarmacha, ag obair le comhpháirtithe Rialtais, le rialtóirí agus le páirtithe leasmhara eile chun athrú a chur i bhfeidhm.

Ina theannta sin, ag obair le ranna rialtais agus le páirtithe leasmhara mar chuid d'Fhoireann na hÉireann, tacóimid le seachadadh ar fud raon beartas náisiúnta níos leithne sa bhaile agus thar lear lena n-áirítear an 'Tionscnamh Oileáin Chomhroinnte', 'Domhan Níos Fearr – Beartas na hÉireann maidir le Forbairt Idirnáisiúnta' agus 'Tithíocht do Chách'.

# An chaoi a sheachadaimid

## Ár nDaoine agus ár gCultúr

Déanann ár ndaoine ionadaíocht ar son an chuid is fearr d'Fhiontraíocht Éireann agus is cumasóir ríthábhachtach iad le go mbeidh rath ar fhiontar na hÉireann ar an ardán domhanda.

Beidh sé ríthábhachtach a chinntiú go bhfuil ár lucht saothair solúbtha agus freagrúil chun an straitéis seo a chur i gcrích. Trí leas a bhaint as scileanna agus tallann ár bhfórsa saothair domhanda, tugtar cumhacht dár n-eagraíocht seachadadh a dhéanamh do phobal na hÉireann agus do na gnólachtaí a dtacaímid leo.

Sna blianta amach romhainn, leanfaimid de thús áite a thabhairt do thábhacht an chomhionannais, na héagsúlachta agus an chuimsithe, agus do leas ár bhfoirne domhanda.

Díreoimid ar fhorbairt ceannaireachta agus cuirfimid ar chumas ár ndaoine barr feabhais a bhaint amach maidir le freastal ar riachtanais ghnó na hÉireann.

## Ár Luachanna

Treoraíonn ár luachanna ár gcultúr agus an bealach a n-oibrímid mar fhoireann dhomhanda amháin i gcomhar le gnólachtaí, páirtithe leasmhara agus comhpháirtithe straitéiseacha na hÉireann. Cuid lárnach d'fhorbairt na straitéise seo is ea éabhlóid ár luachanna. Beidh na luachanna sin ríthábhachtach agus muid ag iarraidh na spriocanna uaillmhianacha atá leagtha amach sa straitéis seo a bhaint amach.

### Béim ar an gCliant

Riachtanais ár gcliant a chur i gcroílár gach rud a dhéanaimid.

### Ionracas

Na torthaí is fearr a fháil tríd an rud ceart a dhéanamh.

### Barr feabhais

Ag obair ar luas, ag nuáil agus ag bród as ár n-éachtaí.

### Tionchar

Tionchar inbhuanaithe intomhaiste a chruthú a rachaidh chun tairbhe d'Éirinn agus dár bpáirtithe leasmhara go léir sa lá atá inniu ann agus amach anseo.

### Le Chéile

Foireann dhomhanda amháin ag obair le chéile, agus lenár gcomhpháirtithe chun torthaí iontacha cliant a thiomáint.

# An Chaoi a n-Oibrímid

Tá Fiontraíocht Éireann tiomanta do thacaíocht den chéad scoth a chur ar fáil do ghnólachtaí Éireannacha chun tosú, dul san iomaíocht, scála agus nascadh go háitiúil, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.

Sna cúig bliana amach romhainn, seachadfaimid trí bhainistíocht caidrimh athnuachana agus samhail oibriúcháin.

Trí riachtanais úsáideoirí a chur i gcroílár gach rud a dhéanaimid, cuirfimid eispéireas feabhsaithe ar fáil d'fhiontar na hÉireann sna cúig bliana amach romhainn. Beidh sé mar aidhm againn leas a bhaint as teicneolaíocht chun seirbhísí digiteacha a bharrfheabhsú le haghaidh rannpháirtíochta cuideachtaí, rud a chabhróidh le rochtain ar thacaíochtaí agus ar sheirbhísí a fheabhsú.

Is é úsáid fhónta, stuama agus éifeachtach cistí poiblí an chéad bhreithniú agus an breithniú deiridh ag Fiontraíocht Éireann agus cinntí infheistíochta á ndéanamh aici. Dá réir sin, tá tomhas agus tuiscint ar ár dtionchar, agus úsáid éifeachtach sonraí agus anailíse, ríthábhachtach don eagraíocht agus don Rialtas i gcoitinne.

Leagtar amach sa straitéis seo treochlár uaillmhianach chun Dlús a chur le Gnó Inbhuanaithe na hÉireann.

Sna cúig bliana amach romhainn, is cinnte go dtiocfaidh athrú ar an timpeallacht shocheacnamaíoch agus gheopholaitiúil ina n-oibríonn gnólachtaí na hÉireann.

Dá bhrí sin, déanfaidh Fiontraíocht Éireann athbhreithniú, beachtú agus athbhreithniú leanúnach ar thacaíochtaí ár gcuideachta lena chinntiú go bhfreastalóidh siad ar riachtanais ghnólachtaí na hÉireann, go dtacóidh siad le cruthú post agus le breisiú luacha eacnamaíoch, agus go soláthróidh siad luach ar airgead agus tionchar d'Éirinn agus do mhuintir na hÉireann.

## Tionscnaimh Straitéiseacha

- Ardán nua atá dírithe ar an úsáideoir a fhorbairt chun feabhas a chur ar eispéireas seirbhíse agus chun níos mó soiléireachta agus comhleanúnachais a sholáthar do ghnó na hÉireann, chomh maith le héifeachtúlacht níos fearr a sholáthar ag Fiontraíocht Éireann.
- I gcomhar le DETE, ár gcumais agus ár n-acmhainneacht a fhorbairt chun faireachán, anailís agus meastóireacht a dhéanamh ar ár gcláir agus ar ár n-infheistíochtaí. Tá sé seo á dhéanamh d'fhonn réitigh a fhorbairt ar dhúshláin ghnólachtaí na hÉireann, deiseanna a shainaithint, tionchar fiúntach a imirt, agus luach ar airgead a chinntiú do shochaí na hÉireann.
- Ár **bPlean Inbhuanaitheachta** a chur chun feidhme lena chinntiú go neartóidh Fiontraíocht Éireann a tionchar, a hathléimneacht agus a bainistíocht riosca, agus béim tosaíochta á leagan ar ghníomhú ar son na haeráide, agus ar inbhuanaitheacht punainne.



Trínár rannpháirtíochtaí cuideachta, leanfaimid orainn ag tomhas ár sástachta ar leibhéal na seirbhíse ag baint úsáide as suirbhéanna bliantúla gan ainm. Dhá phríomhbheart is ea Sástacht Cliant agus Scór Glan Tionscnóra (NPS). Tomhaiseann SSN dílseacht cuideachtaí d'eagraíocht agus a dhóchúla atá sé go molfaidh siad soláthraí seirbhíse do phiara nó do chomhghleacaí.

Taispeánann ár suirbhé in 2024 gurb é **87%** Sástacht na gCliant leis an nGníomhaireacht agus gurb é **+57**Glanscór an Tionscnóra faoi láthair. Ag cur leis an rath sin, táimid ag díriú ar SSN **+70** faoi thabhairt i gcrích na straitéise seo in 2029

Leanfaimid dár bhfeidhmíocht a thomhas i gcoinne tagarmharcanna domhanda seachtracha, agus é mar aidhm againn ardleibhéil iontaoibhe, cuimsithe agus folláine a bhaint amach.

Lena chinntiú go dtacaítear le gnólachtaí Éireannacha chun fás, fostaíocht a ghiniúint agus rathúnas a chur ar fáil d'Éirinn, déanfaimid measúnú leanúnach ar ár dtacaíochtaí agus ár n-infheistíochtaí fiontraíochta trí lionsa an iomaíochais náisiúnta. Sa chomhthéacs seo, **déanfaimid athbhreithniú ar na spriocanna agus ar na gníomhaíochtaí sa straitéis sin in 2027.**



# Aguisín – Ag Seachadadh le Foireann Éireann

## Páipéar Bán ar Fhiontraíocht

Leagtar amach sa Pháipéar Bán maidir le Fiontraíocht fís uaillmhianach go dtí 2030 do bheartas fiontraíochta na hÉireann. Féachann sé le seasamh láidir eacnamaíoch na hÉireann a chosaint, agus freagairt do dhúshláin agus do dheiseanna a tháinig chun cinn mar thoradh ar an bpaindéim, ar fhorbairtí eacnamaíocha agus geopholaitiúla níos leithne, ar an digitiú, agus ar phráinn mhéadaithe chun an tionscal a dhícharbónú. Déantar foráil leis do gheilleagar inbhuanaithe, nuálach agus an-táirgiúil, le poist agus slite beatha sásúla sa tréimhse amach romhainn.

**Tionchar 2030 – Straitéis Taighde agus Nuálaíochta na hÉireann**
I gcomhpháirtíocht le Gníomhaireachtaí agus Ranna Rialtais eile, tá Fiontraíocht Éireann ag obair chun na huaillmhianta a leagtar amach i Straitéis Taighde agus Nuálaíochta na hÉireann a bhaint amach, agus béim ar leith á leagan ar a chinntiú go spreagann nuálaíocht rath fiontraíochta.

**An Straitéis Náisiúnta um Speisialtóireacht Chliste don Nuálaíocht 2022-2027**
Is beartas nuálaíochta de chuid an Choimisiúin Eorpaigh é Speisialtóireacht Chliste chun borradh a chur faoin nuálaíocht réigiúnach trí réigiúin a chumasú chun díriú ar a láidreachtaí. Díríonn Straitéis na hÉireann um Speisialtóireacht Chliste ar aghaidh a thabhairt ar dhúshláin TF&N na tíre. Glacann sé le cur chuige réigiúnach, arb é is aidhm dó fás inbhuanaithe faoi stiúir na nuálaíochta a bhaint amach i bhfiontair réigiúnacha. Leagtar béim sa straitéis ar chúig phríomhréimse: digitiú, claochlú glas, scaipeadh nuálaíochta, comhar idirnáisiúnta, agus feabhas a chur ar an gcóras taighde fiontair.

**Foodwise 2030 – Ceannaire Domhanda i gCórais Bhia Inbhuanaithe**
I gcomhréir le Straitéis Fís Bia 2030na hÉireann, tá Fiontraíocht Éireann ag obair i gcomhpháirtíocht le Ranna Rialtais agus Gníomhaireachtaí eile chun an fhís a bhaint amach d'Éirinn a bheith ina ceannaire domhanda i gcórais bhia inbhuanaithe sna deich mbliana amach romhainn. Tá sé mar aidhm aige buntáistí suntasacha a chur ar fáil d'earnáil agraibhia na hÉireann, do shochaí na hÉireann agus don chomhshaol.

**Straitéis Trádála agus Infheistíochta 2022 - 2026: Luach d'Éirinn, Luachanna don Domhan**
Tá sé mar aidhm ag an Straitéis Trádála agus Infheistíochta 2022 - 2026 go bhfásfaidh Éire go hinbhuanaithe, go ndéanfaidh sí éagsúlú ar ár margaí easpórtála, agus go dtacóidh sí le rathúnas leanúnach agus le caighdeáin mhaireachtála níos airde do mhuintir uile na hÉireann.

**Leas a bhaint as an Digitiú – An Creat Digiteach d'Éirinn**
Leagtar amach sa Chreat maidir le hÉire Dhigiteach bealach chun tacú le huaillmhian na hÉireann a bheith ina ceannaire digiteach i gcroílár forbairtí digiteacha Eorpacha agus domhanda; agus leagann sí béim láidir ar an gcuimsitheacht, ar an tslándáil agus ar an tsábháilteacht, agus rialachas láidir agus creat rialála dea-acmhainní mar bhonn taca léi.

### Straitéisí Earnála an Rialtais

Tacaíonn Fiontraíocht Éireann le tionscnamh níos leithne an Rialtais agus le straitéisí earnála a fhéachann le cumais ghnó na hÉireann agus buntáiste iomaíoch a neartú go hidirnáisiúnta, lena n-áirítear:

- Candam 2030 - Straitéis Náisiúnta Teicneolaíochtaí Candamacha d'Éirinn
- IS – Anseo go Deo: Straitéis Náisiúnta na hÉireann um an Intleacht Shaorga
- Treochlár na dTionscal Cruthaitheach Digiteach
- Straitéis Spáis Náisiúnta d'Fhiontraíocht 2019-2025

### An Tionscnamh Oileán Comhroinnte

Faoi choimirce Thionscnamh na nOileán Comhroinnte, oibreoidh Fiontraíocht Éireann i gcomhpháirtíocht le Gníomhaireachtaí eile Rialtais ar fud Oileán na hÉireann lena n-áirítear GFT Éireann, InterTrade Ireland, agus Invest NI chun tacú le gníomhaíocht trasteorann agus chun an deis do chomhoibriú i réimsí na hinbhuanaitheachta, na táirgiúlachta agus na nuálaíochta a uasmhéadú.

### Tithíocht do Chách - Plean Tithíochta nua d'Éirinn

Tá Tithíocht do Chách ina tosaíocht náisiúnta i gcónaí. Leanann Fiontraíocht Éireann ag obair ar roinnt bealaí le hearnáil tógála cónaithe na hÉireann chun tacú léi leibhéil arda táirgiúlachta agus nuálaíochta a sholáthar. Is éard atá i gceist leis seo ná oibriú i gcomhpháirtíocht le hearnáil atá dírithe go príomha ar an margadh baile chun formáid a sholáthar chun oibriú le hearnálacha eile den gheilleagar chun iomaíochas a fheabhsú.

### Rathúnas a Chumhachtú –Straitéis Tionsclaíochta Gaoithe Amach ón gCósta agus Pleananna Gníomhaíochta Aeráide na hÉireann

Tá forbairt bhreise na hearnála gaoithe amach ón gcósta tríd an Straitéis Náisiúnta um Thionscal Gaoithe Amach ón gCósta ríthábhachtach d'fhás eacnamaíoch agus do bhaint amach ár spriocanna aeráide náisiúnta amach go dtí 2030 agus ina dhiaidh sin. Beidh Fiontraíocht Éireann ag obair chun tacú leis an earnáil seo i margaí tosaíochta, ag tacú le gnólachtaí Éireannacha an deis slabhra soláthair san earnáil seo a uasmhéadú agus ag tacú le taighde agus nuálaíocht san earnáil trí raon tacaíochtaí. Tá Fiontraíocht Éireann ag obair i gcomhpháirtíocht le príomhpháirtithe leasmhara chun tacú leis an Rialtas agus leis an bhfiontraíocht agus Pleananna Gníomhaíochta Aeráide na hÉireann agus spriocanna eile a bhaineann leis an aeráid á gcur i gcrích acu go dtí 2030 agus ina dhiaidh sin.

### Straitéis Náisiúnta Scileanna na hÉireann 2025 – Todhchaí na hÉireann

Tá Todhchaí na hÉireann deartha chun dul chun tairbhe do gach duine atá ina chónaí in Éirinn, do ghnólachtaí atá ag feidhmiú anseo nó a bhfuil sé beartaithe acu bunú anseo, dóibh siúd atá ag obair anseo, agus dóibh siúd atá ag súil le bheith ag obair anseo. Oibreoidh Fiontraíocht Éireann le páirtithe leasmhara chun an straitéis seo, agus aon straitéis a thiocfaidh ina diaidh, a sheachadadh, a aithníonn an ról is féidir le scileanna a imirt i bhfeabhsú gach duine agus i dtacú le daoine anseo fás mar shaoránaigh dhomhanda.

Fiontraíocht Éireann
Enterprise Ireland

Chun tuilleadh eolais a fháil faoi na tionscnaimh straitéiseacha agus na tacaíochtaí gnó lena gcumasaítear Straitéis 2025 - 2029 Fhiontraíocht Éireann a chur i gcrích, tabhair cuairt ar **www.enterprise-ireland.com**

Fiontraíocht Éireann, An Plaza,
Páirc Ghnó an Phointe Thoir,
Baile Átha Cliath 3. D03E5R6
Teil: (01) 7272000

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Arna chomhchistiú ag an Aontas Eorpach

Co-Funded by the European Union